Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Suirbhé Rannpháirtíochta Fhostaithe na Státseirbhíse 2020

Arna ullmhú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**gov.ie**

# Clár Ábhair


**Achoimre Fheidhmeach** 2
Teachtaireacht ó Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse 3
Na 5 thoradh is dearfaí / is dúshlánaí don Státseirbhís 5
Torthaí 2020 6
Príomhscéalta 2020 8
**Na Torthaí**
Treoir Thapa 10
**M'Eagraíocht**
Rannpháirtíocht Fostaithe 12
Tiomantas don Eagraíocht 14
Folláine 16
Déileáil leis an Athrú 18
**Mo Phoist**
Neamhspleáchas 20
Fiúntas 22
Cumas 24
Éilimh an Phoist 26
Oiriúnacht Scileanna don Phost 28
Forbairt Ghairme agus Soghluaisteacht 30
Do Phá 32
Caighdeáin Feidhmíochta 34
**Mo Chuid Tacaí**
Tacaíocht Ghairme Bainisteoirí 36
Tacaíocht Shóisialta 38
Ceannaireacht 40
Tacaíocht Eagraíochtúil 42
Foghlaim agus Forbairt 44
**Mo Thimpeallacht**
Timpeallacht Nuálach 46
Timpeallacht Rannpháirtíochta 48
**Mo Dhearcadh ar an Státseirbhís**
Tionchar ar Shaoránaigh 50
Dearcadh an Phobail ar an Státseirbhís 52
Comhbhá leis an Státseirbhís 54
Feasacht Athnuachan na Státseirbhíse 56
Feasacht ar Athnuachan na Státseirbhíse 58
Tiomantas d'Athnuachan na Státseirbhíse 60
**Croí-thiománaithe na Státseirbhíse 2020 agus a nIonad** 62
**Cad a insíonn na torthaí dúinn?** 63
**Cad é an difear sna torthaí ar fud na Státseirbhíse go léir?** 64
**Staitisticí maidir le Rátaí Freagartha** 68
**Léargas achomair ar Inscne** 69
**Léargas achomair ar Ghrád** 70
**Cad é an difear sna torthaí de réir Gráid?** 71
**Cad é an difear sna torthaí de réir Aoise?** 72
**Cad é an difear sna torthaí de réir Fad Seirbhíse?** 73
**Cad é an difear sna torthaí de réir Inscne?** 74
**Modheolaíocht** 75
**Iarnótaí** 77
**Admhálacha** 78

# Achoimre Fheidhmeach

## Teachtaireacht ó Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse

### Fáilte go torthaí Shuirbhé 2020 ar Rannpháirtíocht Fostaithe. Seo é an tríú suirbhé sa tsraith seo a thosaigh sa Státseirbhís in 2015.

Cabhraíonn suirbhéanna rannpháirtíochta fostaithe linn tuiscint a fháil ar neart agus ar bhuanna ár lucht saothair agus tógáil orthu. Cabhraíonn siad linn freisin réimsí a aithint inar gá feabhsú, a bheadh ag cur isteach ar ár gcumas feidhmíochta. Na gníomhaíochtaí a bheidh ann de bhun an tsuirbhé seo, beidh siad mar dhúshraith ag Státseirbhís níos éifeachtaí.

Is mian linn buíochas a ghabháil leis an 26,822 státseirbhíseach a ghlac páirt sa suirbhé seo a rinneadh le linn phaindéim COVID-19, agus timpeall leathchuid den fhoireann ag obair ón mbaile. De bharr na gcúinsí seo bhí deis iontach againn ceisteanna a chur a bhí dírithe ar a fháil amach cad é an t-eispéireas a bhí ag an bhfoireann ó thaobh na cianoibre de. Tá torthaí an mhodúil ceisteanna seo foilsithe i dtuarascáil eile.[1] Go nuige seo, is é seo an suirbhé láthair oibre is mó a bhí in Éirinn maidir le COVID-19 agus an chianobair.

Rinne 65% de lucht saothair na Státseirbhíse freagairt do Shuirbhé 2020 ar Rannpháirtíocht Fostaithe, líon ba mhéadú 26 pointe ón gcéad iarraidh in 2015 (2015: 39%, 2017: 56%, 2020: 65%). Cuireann sé seo tacar láidir sonraí ar fáil dúinn a thugann le fios dúinn cad atá á dhéanamh go maith againn, cad atá feabhsaithe ó bhí 2015 ann, agus cén réimse ar gá díriú air chun tuilleadh feabhsúchán a chur i bhfeidhm. Déanann an tuarascáil seo comparáid idir na trí shuirbhé atá déanta, agus is léir tionchar na n-athruithe atá déanta.

Is dearfach na torthaí san iomlán, agus is léir an líon ard tionscnamh agus pleananna gnímh roinne a bhí ann ó 2015. Is maith linn a lua go bhfuil scór ard i bhFolláine Fostaithe (76%) agus Rannpháirtíocht Fostaithe (75%). Tá móramh na státseirbhíseach muiníneach a ndóthain lena bpost a dhéanamh agus tá siad ábalta déileáil lena ról, ainneoin na corraíola a tháinig le COVID-19 agus na hathruithe ar a dtimpeallacht oibre dá réir.

Ar fud an tsuirbhé, bhí feabhsú ar na téamaí ar lú an scór iontu i suirbhéanna 2015 agus 2017, rud is macalla ar thiomantas Ranna agus Oifigí dul i ngleic leis na réimsí dúshlánacha seo.

Ainneoin gur suas an treo atá torthaí an tsuirbhé seo, tá réimsí ann a bhféadfaí iad a leasú a thuilleadh. Tuilleadh deiseanna rannpháirtíochta a chur ar fáil don fhoireann, iarrachtaí leanúnacha cultúr nuálach a chothú, agus feabhsú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar bainistiú ar fheidhmíocht, beidh siad sin ann lena chinntiú go mbeifear ag feabhsú arís amach anseo.

Léiríonn an dul chun cinn seasmhach i dtorthaí an tsuirbhé ó 2015 go bhfuilimid ag triall ar cheann scríbe bheith mar Státseirbhís níos nuálaí, níos gairmiúla agus níos aclaí. Beimid ag cur spéise go leanúnach i bhfeabhsúcháin a chinntiú atá déanta go dtí seo, agus réimsí a athrú nuair is mó an gá atá leo.

1 www.gov.ie/en/publication/9f6a3-civil-service-employee-engagement-survey-covid-19-remote-working-report-august-2020/

# Bord Bainistíochta na Státseirbhíse

**Martin Fraser**
Ard-Rúnaí an Rialtais
Ard-Rúnaí
Roinn an Taoisigh

**David Moloney**
Ard-Rúnaí Feidhmeach
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

**Robert Watt**
Ard-Rúnaí
An Roinn Sláinte

**Derek Moran**
Ard-Rúnaí
An Roinn Airgeadais

**Niall Burgess**
Ard-Rúnaí
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

**Brendan Gleeson**
Ard-Rúnaí
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

**Fergal Lynch**
Ard-Rúnaí
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

**Dr. Orlaigh Quinn**
Ard-Rúnaí
An Roinn Fiontraíochta, Trádála agus Fostaíochta

**Pádraig Dalton**
Ard-Stiúrthóir
An Phríomh-Oifig Staidrimh

**Damien Moloney**
Ard-Rúnaí
Oifig an Ard-Aighne

**Niall Cody**
Ard-Rúnaí
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

**Katherine Licken**
Ard-Rúnaí
An Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

**Ken Spratt**
Ard-Rúnaí
An Roinn Iompair

**Graham Doyle**
Ard-Rúnaí
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**Jacqui McCrum**
Ard-Rúnaí
An Roinn Cosanta

**Maurice Buckley**
Cathaoirleach
Oifig na nOibreacha Poiblí

**Oonagh McPhilips**
Ard-Rúnaí
An Roinn Dlí agus Cirt

**Shirley Comerford**
Príomh-Fheidhmeannach
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

**John McKeon**
Ard-Rúnaí
An Roinn Coimirce Sóisialaí

**Mark Griffin**
Ard-Rúnaí
An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

**Seán Ó Foghlú**
Ard-Rúnaí
An Roinn Oideachais

**Kevin McCarthy**
Ard-Rúnaí
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

**Jim Breslin**
Ard-Rúnaí
An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

# Torthaí Dearfacha - 5 is airde

| 2015 | 2017 | 2020 |
|---|---|---|
| 1. Cumas | 1. Cumas | 1. Cumas |
| 80% | 79% | 79% |
| 2. Folláine | 2. Folláine | 2. Folláine |
| 75% | 75% | 76% |
| 3. Teagmháil Fostaithe | 3. Teagmháil Fostaithe | 3. Teagmháil Fostaithe |
| 70% | 72% | 75% |
| 4. Tacaíocht Shóisialta | 4. Tacaíocht Shóisialta | 4. Tacaíocht Shóisialta |
| 70% | 72% | 73% |
| 5. Déileáil leis an Athrú | 5. Déileáil leis an Athrú | 5. Déileáil leis an Athrú |
| 69% | 71% | 72% |

Is féidir go mbeadh difear idir rangú na dtéamaí Is Dearfaí ó chuid de na téamaí ó 2017 agus 2015. Ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir téamaí 2015, 2017 agus 2020, sa chás sin.

# Torthaí Dúshlánacha - 5 is airde


| 2015 | 2017 | 2020 |
|---|---|---|
| 1. Dearcadh an Phobail ar an Státseirbhís | 1. Timpeallacht Rannpháirtíochta | 1. Timpeallacht Rannpháirtíochta |
| 33% | 38% | 41% |
| 2. Timpeallacht Rannpháirtíochta | 2. Dearcadh an Phobail ar an Státseirbhís | 2. Dearcadh an Phobail ar an Státseirbhís |
| 36% | 38% | 44% |
| 3. Do Phá | 3. Do Phá | 3. Feasacht faoi Athnuachan na Státseirbhíse* |
| 42% | 46% | 51% |
| 4. Tacaíocht Eagraíochtúil | 4. Caighdeáin Feidhmíochta | 4. Do Phá |
| 44% | 48% | 52% |
| 5. Forbairt Ghairme agus Soghluaisteacht | 5. Timpeallacht Nuálaíochta | 5. Caighdeáin Feidhmíochta |
| 44% | 49% | 53% |

Is féidir go mbeadh difear idir rangú na dtéamaí Is Dúshlánaí ó chuid de na téamaí ó 2017 agus 2015. Ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir téamaí 2015, 2017 agus 2020, sa chás sin.


Is téama nua é seo in CSEES 2020 ina bhfuil trí ráiteas nua. Níl sé inchomparáide le ceachtar den dá théama a bhain le hAthnuachan ar an Státseirbhís ó shuirbhéanna 2015 agus 2017, mar atá: Feasacht faoi Athnuachan Státseirbhíse agus Tiomantas d'Athnuachan Státseirbhíse

# Torthaí 2020

## Cad iad na ceannlínte i leith gach téama?




**Tá scór níos lú ná 50% ag gach uile rud ar an taobh clé den líne bhriste, óir bhí líon níos airde den fhoireann nár aontaigh le ráitis an tsuirbhé.**




**Tá scór níos mó ná 50% ag gach uile rud ar an taobh deas den líne bhriste, óir bhí líon níos airde den fhoireann a d’aontaigh le ráitis an tsuirbhé.**

# Croítheachtaireachtaí 2020

## Cad a insíonn na torthaí dúinn faoin Státseirbhís in 2020 i gcomparáid le 2017 agus 2015?

**1. Tá torthaí 2020 an tSuirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe Státseirbhíse an-dearfach:**

Bhí ardú scóir i 21 den 23 téama a rinneadh a thomhas, óna leibhéal in 2015, agus is léiriú é sin ar thionchar an Phlean Athnuachana Státseirbhíse agus ar na bearta a chuir eagraíochtaí i bhfeidhm mar fhreagairt ar a dtorthaí in 2015 agus 2017. Tá macalla sna torthaí dearfacha seo chomh maith ar an luach a bhí le bearta a chuir Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (CSMB) i bhfeidhm ó 2017.

**2. Thug an Státseirbhís go dearfach faoi na dúshláin a bhain le COVID-19:**

Ritheadh suirbhé 2020 i Meán Fómhair-Deireadh Fómhair 2020 nuair a bhí timpeall 50% den Státseirbhís ag cianobair. Ainneoin na ndúshlán sin luaigh an fhoireann go raibh a gcumas ar aon dul le 2017 (2015: 80%, 2017: 79%, 2020: 79%)

**3. Tá tuilleadh nuála le brath ar an Státseirbhís mar ionad oibre:**

Níl Timpeallacht Nuálach, ar 55% i measc an 5 thoradh is dúshlánaí a thuilleadh, agus tá méadú 10 bpointe air ó 2015 (2015: 45%, 2017: 49%). Tá díreach níos lú ná leathchuid na státseirbhíseach a cheapann go bhfuil a n-eagraíocht go mear i mbun athrú a dhéanamh nuair is gá. Méadú é seo ó 33% in 2017. Beifear chun tosaigh go leanúnach maidir leis an nuálaíocht a dhéanamh mar chroíchuid den Státseirbhís, lena chinntiú go mbeidh ardú leanúnach ann.

**4. Braitheann státseirbhísigh go bhfuil siad rannpháirteach:**

Croíchuspóir de chuid an tsuirbhé ná tomhas a dhéanamh ar leibhéil na rannpháirtíochta. Tá leibhéil arda rannpháirtíochta fós ann ar fud na státseirbhíse (2015: 70%, 2017: 72%, 2020: 75%) agus léiríonn sé sin gur láidir an nasc idir státseirbhísigh agus an gcuid oibre. Léiríonn an t-ardú ar an ráta freagartha ó 56% in 2017 go 65% in 2020 go bhfuil méadú ar theagmháil i measc státseirbhíseach agus gur mór acu an comhairliúchán agus an gníomhú dá réir.

**5. Braitheann státseirbhísigh níos dearfaí faoin tionchar a bhíonn ag a gcuid oibre:**

Tá feabhsú arís eile ar an scór iomlán téama Tionchar ar Shaoránaigh (2015: 68%, 2017: 70%, 2020: 73%). Tá méaduithe ar an mbraistint go bhfuiltear ag dul i gcion go dearfach ar shaol na saoránach, agus go bhfuil a gcuid oibre chun leas an phobail. Is féidir go bhfuil baint idir an t-ardú dearfach sin agus an leanúnachas seirbhíse le linn phaindéim COVID-19.

**6. Tá méaduithe dearfacha le sonrú ar na téamaí ar lú an scór iontu in 2017:**

Tá méaduithe móra le brath ar gach téama a raibh na scóir ab ísle iontu in 2017. Is fianaise é an feabhsú ar na réimsí dúshlánacha seo go bhfuil feabhsú ar an iomlán ann mar gheall ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse. Macalla iad freisin ar gheallúint a rinne Bord Bainistíochta na Státseirbhíse tar éis shuirbhé 2017 go rachfaí i ngleic go leanúnach leis na réimsí seo.

**7. Tá Státseirbhísigh ag éirí níos dearfaí faoi cheannaireacht a gcuid eagraíochtaí:**

Tá baill foirne ag éirí níos dearfaí faoi Cheannaireacht Shinsearach a gcuid eagraíochtaí (2015: 50%, 2017: 55%, 2020: 59%). Cinnteoidh bearta leanúnacha go mbeidh feabhsúchán leanúnach ann.

**8. Luaigh státseirbhísigh gur láidir fós tacaíochtaí sóisialta in ainneoin na ndúshlán a tháinig le paindéim COVID-19:**

Cé gur luaigh baill foirne go bhfuil cúlú beag déanta ag tacaíochtaí sóisialta ó shuirbhé 2017 (2015: 70%, 2017: 72%, 2020: 71%), tá sé seo go fóill ar cheann de na torthaí is dearfaí sa suirbhé. Is dócha gur comhartha an laghdú beag ar thionchar na cianoibre le linn phaindéim COVID-19, a d'fhéadfadh bac a chur ar chothú caidreamh idir oibrithe.

**9. Braitheann státseirbhísigh gur féidir go fóill treisiú a dhéanamh ar chultúr na rannpháirtíochta sa Státseirbhís:**

Cé go bhfuil feabhsú 5 phointe ar an téama seo ó shuirbhé 2015, is é Timpeallacht Rannpháirtíochta (2015: 36%, 2017: 38%, 2020: 41%) an toradh is dúshlánaí fós ó shuirbhé 2020. Léiríonn an toradh seo nach bhfuil ach mionlach státseirbhíseach a cheapann go bhfuil siad rannpháirteach go hoscailte sa chinnteoireacht ina n-eagraíocht.

**10. Braitheann státseirbhísigh nach bhfuil luach ag an bpobal ar a gcuid oibre:**

Cé go bhfuil ardú 11 phointe ar an téama seo ó shuirbhé 2015 (2015: 33%, 2017: 38%, 2020: 44%), braitheann tromlach na foirne nach bhfuil luach ag an bpobal ar obair na Státseirbhíse. Tá codarsnacht idir an toradh dúshlánach seo agus torthaí an tSuirbhé Seirbhíse Custaiméirí Státseirbhíse 2019 agus cinn eile roimhe sin a léirigh go leanúnach go bhfuil saoránaigh an-sásta le hobair na Státseirbhíse.

**11. Tá frustrachas le brath i measc státseirbhíseach maidir leis an bpróiseas ardaithe céime:**

Ní chreideann ach 42% den fhoireann go mbeidh an deis acu ardú céime a fháil más maith a bhfeidhmíocht agus ní chreideann ach 36% go bhfuil próiseas cothrom soiléir ardaithe céime ina Roinn. Bíonn bainisteoirí sinsearacha níos dearfaí ná comhghleacaithe ag gráid níos ísle, agus níos lú ná 40% de EO agus CO (39% agus 38% faoi seach) ag aontú go bhfuil na deiseanna ar fad acu atá de dhíth le hardú céime a fháil.

**12. Tá státseirbhísigh míshásta i gcónaí faoin gcaoi a ndéantar bainistiú ar fheidhmíocht:**

Tá ardú 9 bpointe ar scóir faoin téama seo ó 2015 (2015: 44%, 2017: 48%, 2020: 53%) ach tá sé fós ar cheann de na téamaí is dúshlánaí sa suirbhé. Níor aontaigh ach 20% díobh siúd a d'fhreagair go dtugtar go héifeachtach faoin drochfheidhmíocht ina Roinn féin (2015: 12%, 2017: 15%), agus níor aontaigh ach 46% go mbíonn freagracht ar dhaoine as cuspóirí a bhaint amach agus as ionchas a chomhlíonadh (2015: 35%, 2017: 40%).

# Treoir Thapa: Conas an tuarascáil seo a léamh

## Téarmaíocht

Tá roinnt téarmaí staidrimh in úsáid sa tuarascáil seo chun na torthaí a mhíniú. Orthu siúd a úsáidtear go rialta, tá:

- 'Torthaí': Seo na ceithre réimse ina raibh an CSMB ag iarraidh a thuiscint tríd an suirbhé (Rannpháirtíocht Fostaithe, Folláine, Tiomantas don Eagraíocht, Déileáil leis an Athrú)
- 'Tiománaithe': Seo na téamaí a mbíonn tionchar láidir acu ar gach toradh
- 'Téamaí': Seasann siad seo do gach grúpa ráiteas suirbhé
- 'Ráitis': Ciallaíonn seo an 104 ráiteas a iarradh ar an bhfoireann a rátáil le linn an tsuirbhé

## Sainmhíniú


Míníonn sé seo cad é go díreach atáthar a thomhas faoi gach téama. Tá na sainmhínithe seo bunaithe ar an taighde idirnáisiúnta.

## Croí-thiománaí

Míníonn sé seo cén toradh atá faoi thionchar an téama mar chroí-thiománaí.

## Toradh iomlán téama

Is ionann an toradh seo, nó innéacs, agus céatadán a sheasann do mheánscór téama nó toradh faoi leith. Ciallaíonn scór thar 50% gur mó an líon ball foirne a roghnaigh freagraí dearfacha. Ciallaíonn scór faoi 50% gur mó an líon ball foirne a roghnaigh freagraí diúltacha. Tá cuma ar chuid de na scóir téamaí gur lú iad ná mar a cheapfaí ó amharc ar chéatadán in aghaidh an ráitis – an chúis atá leis sin ná an cheist dhiúltach a bhí laistiar de roinnt ráiteas. Leis an láidreacht a chinntiú is modheolaíocht chaighdeánach scórála é seo. Dá mhéad freagairtí dearfacha, is ea is airde a bheidh an scór téama. Dá mhéad freagraí diúltacha, is ea is lú a bheidh an scór téama. Sampla maith air seo ná Timpeallacht Rannpháirtíochta (l.48)


An Státseirbhís | Suirbhé Rannpháirtíochta Fostaithe 2020

Rannpháirtíocht Fostaithe

Déanann sé seo tomhas ar mhothú an fhuinnimh, an nasc agus an comhlíonadh atá ag státseirbhísigh maidir lena gcuid oibre.

**Seo a leanas tiománaithe tábhachtacha na Rannpháirtíochta Fostaithe:**

**1ú Croí-thiománaí – Fiúntas**

**2ú Croí-thiománaí – Oiriúnacht Scileanna don Phost**

**3ú Croí-thiománaí – Tacaíocht Eagraíochtúil**

**4ú Croí-thiománaí - Cumas**

**5ú Croí-thiománaí – Ceannaireacht**



- Is é 75% an toradh ar Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís, rud is ionann agus an tríú scór is dearfaí i suirbhé 2020. Tá méadú ar leibhéil rannpháirtíochta don tríú huair ó bhonnlíne 70% in 2015, a bhí ard cheana féin.
- Maíonn na torthaí go bhfuil leibhéal ard bróid as a gcuid oibre i measc daoine a d'fhreagair. Mar shampla, luann 85% go bhfuil siad bródúil as an obair a dhéanann siad. Is féidir gur cúis mhór leis an mbród seo ná ról tábhachtach na Státseirbhíse le linn phaindéim COVID-19.
- Tá ciall níos láidre den rannpháirtíocht acu siúd is deireanaí a thosaigh, i gcomparáid leo siúd atá sa phost le fada. Mar shampla, deir 78% den fhoireann a bhfuil níos lú ná bliain taithí acu go spreagann a bpost iad. Mar sin féin, titeann sin go 54% don fhoireann a bhfuil 10-15 bliain taithí acu ach suas leis arís go 59% don fhoireann atá níos faide ná 30 bliain sa tseirbhís.
- Is féidir go n-ardódh eagraíochtaí an scór dearfach seo trí tuilleadh brí a chur san obair, foireann a chumasú chun lán a n-acmhainne a úsáid agus iad ag obair, leanúint den tacaíocht ar fholláine fostaithe, cur leis an mbraistint ar chumas tríd an aiseolas agus an aitheantas agus leanúint den cheannaireacht láidir shofeicthe a thabhairt.
- Tá an toradh i leith Rannpháirtíocht Fostaithe láidir seasmhach ar fud na ngrád beag beann ar inscne, rud a thabharfadh le fios go bhfuil lucht saothair sa státseirbhís a bhfuil nasc láidir aige lena chuid oibre.


**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Is maith an toradh seo, 75%, i gcomparáid leis an scéal idirnáisiúnta. Mar shampla, ba é 63% an scór don rannpháirtíocht fostaithe i Suirbhé Daoine Státseirbhís na RA in 2019. 62% an toradh sa Suirbhé ar Dhearcadh Fostaithe Rialtais i SAM in 2019.[1]

**Léargas:**

I gcomparáid leis an toradh dearfach laistigh den suirbhé seo, rinneadh staidéar mór idirnáisiúnta le linn phaindéim COVID-19 a thug le fios gur mór an mothú dícheangail i measc cianoibrithe. Dúradh gur leibhéil níos lú den spreagadh, nó mothú leadráin nó neamhthháirgiúlachta ba chúis leis seo.[2]

12




## Tráchtaireacht

Tugtar achoimre sa téacs seo ar na torthaí faoi gach téama, agus aibhsítear roinnt saincheisteanna agus léargas. Sa tuarascáil seo, baineann an céatadán nó an scór a luaitear sa téacs le neart an aontaithe nó an easaontaithe ag brath ar an bhfoclaíocht, le gach ráiteas. Ní tagairt é do líon ná don rannchuid freagraí leis na ráitis agus tugtar mar sin é mar éascaíocht don léirmhíniú. Cabhróidh an sampla a leanas le léitheoirí tuiscint a fháil ar choincheap neart an aontaithe in aghaidh rannchuid na bhfreagróirí. I ráiteas ina bhfuil trí fhreagra: Aontaím go mór, Ní Aontaím ná Ní Easaontaím, Easaontaím, is iad na scóir ná 100 (Aontaím go mór), +50 (Ní Aontaím ná Ní Easaontaím) + 25 (Easaontaím). Thabharfadh sé seo scór 58.3333 don ráiteas arna dhíorthú ó ((100+50+25)/3). Ní hionann an scór seo 58.33% agus an rannchuid freagraí a d'aontaigh leis an ráiteas, ach scór faoin leibhéal aontaithe leis, bunaithe ar an scála Likert atá mínithe thuas.

## Torthaí mionsonraithe

Tugann na barra-chairteacha seo achoimre ar na torthaí i leith gach ráiteas suirbhé, á gcatagóiriú mar 'aontaithe' (sa chás gur fhreagair an fhoireann Aontaím/Aontaím go mór), 'neodrach' (sa chás gur fhreagair an fhoireann Ní Aontaím ná Ní Easaontaím), agus 'easaontaithe' (sa chás gur fhreagair an fhoireann 'Easaontaím/Easaontaím go Láidir). D'fhéadfadh sé gurbh ionann iomlán na bhfigiúirí seo agus suim níos mó nó níos lú ná 100%, i ngeall ar an neasú.

## Léargas

Chun tuilleadh comhthéacs a chur ar fáil do na torthaí, tá tagairtí san áireamh sa tuarascáil seo do staidéir acadúla, nuair is ábhartha.

## Tagarmharc Idirnáisiúnta

Chun tuilleadh comhthéacs a chur ar fáil do na torthaí, tá tagairtí san áireamh sa tuarascáil seo do cheisteanna agus torthaí idirnáisiúnta, nuair is ábhartha. Tugtar don aire nach ionann go cruinn aon dá shuirbhé, agus is féidir go mbeadh difear mór idir modheolaíochtaí. Ní hann do na píosaí faisnéise seo ach ar mhaithe le comhthéacs a sholáthar.

# Rannpháirtíocht Fostaithe

Déanann sé seo tomhas ar mhothú an fhuinnimh, an nasc agus an comhlíonadh atá ag státseirbhísigh maidir lena gcuid oibre.

**Seo a leanas tiománaithe tábhachtacha na Rannpháirtíochta Fostaithe:**


**1ú Croí-thiománaí – Fiúntas**

**2ú Croí-thiománaí – Oiriúnacht Scileanna don Phost**

**3ú Croí-thiománaí – Tacaíocht Eagraíochtúil**

**4ú Croí-thiománaí - Cumas**

**5ú Croí-thiománaí – Ceannaireacht**





- Is é 75% an toradh ar Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís, rud is ionann agus an tríú scór is dearfaí i suirbhé 2020. Tá méadú ar leibhéil rannpháirtíochta don tríú huair ó bhonnlíne 70% in 2015, a bhí ard cheana féin.
- Maíonn na torthaí go bhfuil leibhéal ard bróid as a gcuid oibre i measc daoine a d'fhreagair. Mar shampla, luann 85% go bhfuil siad bródúil as an obair a dhéanann siad. Is féidir gur cúis mhór leis an mbród seo ná ról tábhachtach na Státseirbhíse le linn phaindéim COVID-19.
- Tá ciall níos láidre den rannpháirtíocht acu siúd is deireanaí a thosaigh, i gcomparáid leo siúd atá sa phost le fada. Mar shampla, deir 78% den fhoireann a bhfuil níos lú ná bliain taithí acu go spreagann a bpost iad. Mar sin féin, titeann sin go 54% don fhoireann a bhfuil 10-15 bliain taithí acu ach suas leis arís go 59% don fhoireann atá níos faide ná 30 bliain sa tseirbhís.
- Is féidir go n-ardódh eagraíochtaí an scór dearfach seo trí tuilleadh brí a chur san obair, foireann a chumasú chun lán a n-acmhainne a úsáid agus iad ag obair, leanúint den tacaíocht ar fholláine fostaithe, cur leis an mbraistint ar chumas tríd an aiseolas agus an aitheantas agus leanúint den cheannaireacht láidir shofeicthe a thabhairt.
- Tá an toradh i leith Rannpháirtíocht Fostaithe láidir seasmhach ar fud na ngrád beag beann ar inscne, rud a thabharfadh le fios go bhfuil lucht saothair sa státseirbhís a bhfuil nasc láidir aige lena chuid oibre.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Is maith an toradh seo, 75%, i gcomparáid leis an scéal idirnáisiúnta. Mar shampla, ba é 63% an scór don rannpháirtíocht fostaithe i Suirbhé Daoine Státseirbhís na RA in 2019. 62% an toradh sa Suirbhé ar Dhearcadh Fostaithe Rialtais i SAM in 2019.[1]

**Léargas:**

I gcomparáid leis an toradh dearfach laistigh den suirbhé seo, rinneadh staidéar mór idirnáisiúnta le linn phaindéim COVID-19 a thug le fios gur mór an mothú dícheangail i measc cianoibrithe. Dúradh gur leibhéil níos lú den spreagadh, nó mothú leadráin nó neamhtháirgiúlachta ba chúis leis seo.[2]




**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%

# Tiomantas don Eagraíocht

Déanann sé seo tomhas ar an gceangal atá idir státseirbhísigh agus an Roinn/Oifig ina n-oibríonn siad.

**Seo a leanas croí-thiománaithe an Tiomantais don Eagraíocht:**


**1ú Croí-thiománaí – Tacaíocht Eagraíochtúil**

**2ú Croí-thiománaí – Fiúntas**

**3ú Croí-thiománaí – Tacaíocht Shóisialta**

**4ú Croí-thiománaí – Ceannaireacht**

**5ú Croí-thiománaí – Oiriúnacht Scileanna don Phost**





- Cé gur dúshlánach i gcónaí an téama seo, is dearfach an feabhsúchán 10 bpointe (58%) ó 2015 i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus an aistrithe go dtí an chianobair.
- Cé gur luaigh 64% den fhoireann go mbeidís sásta an chuid eile dá ngairm a chaitheamh lena Roinn reatha, tá breis agus ceathrú cuid (26%) den fhoireann a luaigh nach mbraitheann siad go láidir gur cuid dhílis den Roinn iad.
- Is iad bainisteoirí sinsearacha is láidre a bhraitheann go bhfuil ceangal acu leis an Roinn/Oifig. Imíonn an nasc seo síos trí na gráid níos sóisearaí. Mar shampla, is lú ná 50% den fhoireann ag gach grád ó CO síos a fhad le PO a bhraitheann gur leo féin fadhbanna na Roinne.
- Chun feabhsú a dhéanamh ar thorthaí laistigh den téama seo ba chóir díriú ar a chinntiú go mbraitheann gach duine san eagraíocht go bhfuil tacaíocht acu, go bhfuil obair fhiúntach acu, go mbíonn an deis ag an bhfoireann tacaíochtaí sóisialta a fhorbairt, go mbíonn ceannaireacht shofheicthe orthu agus go mbíonn an deis acu dícheall úsáide a bhaint as a gcuid scileanna.

### Tagarmharc Idirnáisiúnta:

Is toradh maith é 58% i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, luaigh 44% díobh siúd a d'fhreagair i Suirbhé Daoine na Státseirbhíse san RA 2019 gur mhaith leo fanacht i mbun oibre lena n-eagraíocht reatha go ceann trí bliana.[3]

### Léargas:

San earnáil phoiblí, d'fhéadfadh sé go mbeadh Tiomantas don Eagraíocht ag brath ar an oiread a cheapann fostaithe go gcuireann a gcuid oibre le leas an phobail.[4] Anuas air sin, b'fhéidir nach léireoidh baill aonair tiomantas láidir dá n-eagraíocht ach gur mór an tiomantas a bheidh acu do luachanna poiblí go ginearálta.[5] Léiríonn an taighde idirnáisiúnta go mbíonn éagsúlacht sa tiomantas eagraíochtúil thar ghráid na bhfostaithe, agus gur mó an tiomantas a bhíonn ag bainisteoirí ná mar a bhíonn ag oifigigh chléireachais,[6,7] rud a thagann le torthaí an tsuirbhé seo.




**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

* Ní féidir comparáid dhíreach a dhéanamh idir scóir 2015 agus 2017 maidir le Tiomantas don Eagraíocht agus tugtar iad ar mhaithe le comhthéacs. Ní féidir comparáid a dhéanamh idir torthaí Tiomantas don Eagraíocht idir 2015 agus 2017 ná 2020. In 2015, ní fhéadfaí ach torthaí ó 3 cheist as 6 cinn an téama seo a chur san anailís. In 2017 agus 2020, cuireadh na 6 cheist san áireamh. An chúis le gach ceist a chur san áireamh ná an ráta méadaithe freagartha ar fud na Státseirbhíse.

# Folláine

Déanann seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh gur féidir leo lán a n-acmhainne a bhaint amach agus déileáil le gnáthstrus an tsaoil.

**Seo a leanas croí-thiománaithe na Folláine:**


**1ú Croí-thiománaí – Cumas**

**2ú Croí-thiománaí – Fiúntas**

**3ú Croí-thiománaí – Éilim an Phoist**

**4ú Croí-thiománaí – Oiriúnacht Scileanna don Phost**

**5ú Croí-thiománaí – Tacaíocht Eagraíochtúil**





- Tá méadú 1 phointe ar Folláine (go 76%) ó shuirbhéanna 2017 agus 2015 agus is ann i gcónaí atá an dara toradh is airde i suirbhé 2020. Is dearfach go háirithe an toradh seo óir tá méadú air ainneoin na ndúshlán a tháinig le paindéim COVID-19, agus 75% díobh siúd a rinne freagairt ag cianobair.
- Luann tromlach mór na státseirbhíseach gur féidir leo déileáil le fadhbanna ar an obair agus braitheann 87% gur féidir leo díriú ar an méid atá le déanamh acu ar an obair.
- Tá na scóir sa téama seo an-ard le haghaidh bainisteoirí sinsearacha ach is ard iad ar fud na ngrád. Is iondúil go luann an fhoireann is nua go bhfuil folláine níos fearr acu ná comhghleacaithe a bhfuil taithí acu. Tá 84% den fhoireann ar lú ná bliain a dtaithí, a luann go mbaineann siad taitneamh as a ngníomhaíochtaí oibre, i gcomparáid le 69% den fhoireann le 10-15 bliain de sheirbhís. Tá ardú air sin arís go 74% don fhoireann a bhfuil 20-25 bliain taithí acu.
- Bíonn tionchar ar an bhfolláine ag an méid a bhraitheann an fhoireann go bhfuil cumas acu a gcuid oibre a dhéanamh, gur féidir leo déileáil le héilimh an phoist, go bhfuil a scileanna oiriúnach don phost, agus go bhfuil tacaíocht na heagraíochta acu. Is féidir le heagraíochtaí an scór seo a leasú trí aibhsiú agus aithint a dhéanamh ar leanúnachas na seirbhíse a thug an Státseirbhís le linn na paindéime, fiosrú a dhéanamh faoi bhealaí nuálacha an fhoireann a chumasú, agus tiomantas agus tacaíocht leanúnach a léiriú d'Fholláine na bhfostaithe.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Is maith an toradh é 76% i gcomparáid leis an scéal idirnáisiúnta. Bhí 75% díobh siúd a d'fhreagair do Shuirbhé Státseirbhíse na hAstráile sásta leis an gcothromaíocht oibre is saoil ina ról reatha.[8]

**Léargas:**

I gcodarsnacht leis an suirbhé seo, fuarthas sa taighde idirnáisiúnta ar an gcianobair le linn phaindéim COVID-19 gur luaigh leath díobh siúd a d'fhreagair go raibh meath ar a bhFolláine. Luaigh cuid bheag den lucht freagartha, mar sin féin, go raibh feabhsú ar a bhFolláine, agus luaigh fáthanna ar nós cothromaíocht oibre is saoil níos fearr, níos lú ama i mbun comaitéireachta, níos lú taistil chun na hoibre, agus tuilleadh ama bheith i mbun aclaíochta agus ithe go folláin.[9]




**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Déileáil leis an Athrú

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh gur féidir leo déileáil leis an athrú, lena n-áirítear aon mhothúcháin dhiúltacha a láimhseáil.

**Seo a leanas roí-thiománaithe Déileáil leis an Athrú:**


**1ú Croí-thiománaí – Cumas**

**2ú Croí-thiománaí – Tacaíocht Eagraíochtúil**

**3ú Croí-thiománaí – Fiúntas**

**4ú Croí-thiománaí – Oiriúnacht Scileanna don Phost**


**5ú Croí-thiománaí – Tionchar ar Shaoránaigh**




- Tá Déileáil leis an Athrú, ar 72%, tar éis feabhsú arís sa tríú hiarraidh den suirbhé. Léiríonn sé seo go mbraitheann an chuid is mó den fhoireann gur féidir leo déileáil leis an athrú. Is suntasach go háirithe an scór seo i bhfianaise gur ritheadh an suirbhé le linn phaindéim COVID-19 tráth a raibh 75% díobh siúd a d'fhreagair ag obair ón mbaile.
- Cé go bhfuil feabhsú ar an scór i mbunús na ranganna faoin téama seo, luaigh an cúigiú cuid den fhoireann go mbíonn an t-athrú ina Roinn mar údar struis acu.
- Ba iad na bainisteoirí sinsearacha is mó a thug tuairisc ar leibhéal ard teacht aniar, ach luaigh foireann ar gach uile ghrád ardmhuinín ina gcumas féin déileáil leis an athrú. Mar sin féin, is lú is dócha go mbeidh fáilte ag foireann na ngrád is ísle roimh athrú ina n-eagraíocht.
- Is cosúil gur fearr atá an fhoireann óg ábalta déileáil leis an athrú ná mar atá comhghleacaithe níos sine. Braitheann 63% den fhoireann idir 25 agus 29 bliain d'aois gur fearr ná an móramh atá siad ábalta déileáil leis an athrú, i gcomparáid le 48% den fhoireann idir 55 agus 59.
- Is féidir le heagraíochtaí an scór seo a fheabhsú trína chinntiú go mbraitheann an fhoireann cumasach ina gcuid oibre, go bhfuil tacaíocht chuí acu óna n-eagraíocht, go bhfuil siad i mbun obair fhiúntach, agus go bhfuil siad ar an eolas faoin difear a dhéanann a gcuid oibre do shaol na saoránach.
- Tugann feidhmíocht na Státseirbhíse le linn phaindéim COVID-19 an deis d'eagraíochtaí a dtionchar a chur in iúl a bhí ag an bhfoireann ar phobal na hÉireann le linn an mhórdhúshláin seo.

**Léargas:**

Rinneadh taighde le fostaithe sna Stáit Aontaithe le linn COVID-19 a léirigh an ról barrthábhachtach atá le cumarsáid inmheánach thrédhearcach maidir le fostaithe a spreagadh straitéisí a cheapadh chun déileáil le cúrsaí i bhfianaise an athraithe gan choinne. Aithníodh an chumarsáid éifeachtach mar uirlis thábhachtach chun cabhrú le fostaithe déileáil go gníomhach leis an athrú, ach a chabhraigh leo freisin caidreamh a chothú ar an láthair oibre (Li, Sun, Tao and Lee, 2021).[10]





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Neamhspleáchas

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil an tsaoirse acu dul i dtionchar ar a gcur chuige san obair laethúil.


Is téama aonair é seo nach bhfuil ina chroí-thiománaí tábhachtach ag aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Cé gur tháinig ardú 2 phointe ar Neamhspleáchas ó shuirbhé 2015, níor athraigh an 61% ó thoradh shuirbhé 2017. Ainneoin go raibh feabhsú ar na scóir i leith roinnt ceisteanna laistigh den téama seo, luaigh breis agus an cúigiú cuid den fhoireann (22%) nár bhraith siad neamhspleáchas suntasach maidir lena bpost a dhéanamh.
- Is léir éagsúlacht áirithe idir grád agus inscne. Luaigh bainisteoirí sinsearacha leibhéil níos airde neamhspleáchais agus luaigh gráid níos ísle, EO agus CO go háirithe, leibhéil níos ísle neamhspleáchais maidir lena gcuid oibre a dhéanamh. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar an tábla ar leathanach 71.
- Is iondúil go luann an fhoireann níos sine go bhfuil breis saoirse acu faoina bpost a dhéanamh i gcomparáid le comhghleacaithe níos óige. Ní aontaíonn ach níos lú ná leath na foirne faoi aois 24 (47%) go bhfuil neamhspleáchas suntasach acu maidir lena bpost a dhéanamh i gcomparáid le 66% den fhoireann dar aois 65 agus os a chionn.

### Tagarmharc Idirnáisiúnta:

Ní toradh iontach é seo don Neamhspleáchas i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, ba é 82% an scór in Albain, agus 78% don RA, i Suirbhé Daoine Státseirbhís na RA in 2019 maidir leis an ráiteas 'Tá rogha agam a chinneadh conas mo chuid oibre a dhéanamh'. Tá méadú (1% agus 3% faoi seach) ar an dá scór ó bhí 2017 ann. Mar sin féin, cuirtear é seo i gcomparáid leis an scór 62% sa suirbhé reatha maidir leis an ráiteas 'Mise a chinneann conas tabhairt faoi mo chuid oibre', rud is laghdú 1 phointe i gcomparáid le suirbhé 2017.[11]




**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Fiúntas

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil luach, fiúntas agus feidhm lena gcuid oibre.


**Is croí-thiománaí é Fiúntas maidir leis na torthaí a leanas:**

**1ú Croí-thiománaí – Rannpháirtíocht Fostaithe**

**2ú Croí-thiománaí – Tiomantas don Eagraíocht**

**3ú Croí-thiománaí – Folláine**


**4ú Croí-thiománaí – Déileáil leis an Athrú**




- Tá Fiúntas feabhsaithe go 69%, suas 2 phointe ó 2017 agus 4 phointe ó 2015, rud a thugann le fios go gcreideann tromlach na foirne go leanúnach go bhfuil luach, fiúntas agus feidhm lena gcuid oibre. Tá sé seo tábhachtach óir is croí-thiománaí é fiúntas maidir le gach toradh sa suirbhé.
- Luann 75% den fhoireann gur tábhachtach leo a gcuid oibre, i gcomparáid le 71% in 2017 agus 68% in 2015. D'fhéadfaí gur chuir ról tábhachtach na Státseirbhíse maidir le tacú leis an bpobal i bhfianaise phaindéim COVID-19 leis an scór seo.
- Is láidir go suntasach na scóir don fhiúntas ag leibhéal na hardbhainstíochta agus is ard iad go ginearálta ar fud na ngrád. Mar sin féin, níor luaigh ach breis bheag agus leath na EO agus COanna (54% agus 52% faoi seach) go mbraitheann siad fiúntas pearsanta ina bpost.
- Is mó an fiúntas a bhraitheann comhghleacaithe níos sine lena gcuid oibre seachas an dream óg. Ní aontaíonn ach níos lú ná 50% den fhoireann faoi 39 gur fiú leo a gcuid oibre. Tá ardú air seo go 65% don fhoireann ar fad os ceann 55.
- Ní mór d'eagraíochtaí Státseirbhíse leanúint den bhéim a leagan ar an tábhacht atá le hobair fhiúntach. Tá deis ann tar éis an róil bharrthábhachtaigh a bhí ag an Státseirbhís le linn na paindéime cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann maidir leis an tábhacht atá ag a ról seirbhís riachtanach a chur ar fáil don tír.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Cé go bhfuil Fiúntas tar éis feabhsú, níl sé iontach fós i gcomparáid leis an scéal idirnáisiúnta. I Suirbhé Daoine Státseirbhíse na RA in 2019, luaigh 75% díobh siúd a d'fhreagair gur bhraith siad gnóthachtáil phearsanta ina gcuid oibre[12] agus d'aontaigh 70% díobh siúd a d'fhreagair leis an ráiteas gur fiúntach leo an obair a dhéanann siad.




**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Cumas


Déanann seo tomhas ar an oiread a chreideann státseirbhísigh ina gcumas agus a scileanna an obair a dhéanamh a éilítear ina ról.

**Is croí-thiománaí é Cumas maidir leis na torthaí a leanas:**

**1ú Croí-thiománaí – Folláine**

**2ú Croí-thiománaí – Déileáil leis an Athrú**


**3ú Croí-thiománaí – Rannpháirtíocht Fostaithe**




- Ar 79%, tá scór seasmhach ag Cumas ó thorthaí 2017 agus léirítear leis sin go mbraitheann an chuid is mó den fhoireann go bhfuil siad cumasach oilte ar an obair.
- Aontaíonn 91% de státseirbhísigh leis an ráiteas 'Tá muinín agam as mo chumas mo phost a dhéanamh', a fhágann gur aige atá an scór is dearfaí sa suirbhé. Maítear leis nach raibh tionchar diúltach ag an aistriú go cianobair ar bhraistintí faoi chumas, rud atá an-dearfach ar fad agus léiríonn lucht saothar atá muiníneach athléimneach.
- Is fearr an bhraistint a bhíonn ag Státseirbhísigh faoina gcumas nuair is faide sa phost iad. Luaigh 61% den fhoireann nach raibh taithí bliain amháin acu go raibh siad lánoilte sna scileanna riachtanacha don phost, rud a mhéadaíonn go 80% don fhoireann a bhfuil breis agus 20 bliain déanta acu.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Cé gur scór ard i gcónaí é seo don Chumas, ní iontach gnéithe de i gcomparáid leis an scéal idirnáisiúnta. I Suirbhé Daoine Státseirbhíse na RA in 2019, luaigh 89% díobh siúd a d'fhreagair go raibh na scileanna acu chun a bpost a dhéanamh go héifeachtach[13] i gcomparáid le 78% de Státseirbhísigh na hÉireann a luaigh go raibh siad lánoilte sna scileanna riachtanacha don phost.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Éilimh an Phoist

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil dúshlán mór ina gcuid oibre ó thaobh ábhar na hoibre de agus maidir leis an am a bhíonn acu lena gcuid oibre a chur díobh.

**Is croí-thiománaí é Éilimh an Phoist maidir leis an toradh a leanas:**

**3ú Croí-thiománaí – Folláine**





- Déanann an téama seo tomhas ar a shásta atá fostaithe le héilimh a bpost. Tá 4 cinn de na 6 ráiteas sa téama seo leagtha amach go diúltach. Má aontaítear le ceisteanna diúltacha is comhartha ar thoradh dúshlánach é agus is ionann easaontú agus toradh dearfach. Mar shampla, ní aontaíonn 55% den fhoireann leis an ráiteas 'is ró-ard na caighdeáin feidhmíochta i mo phost', rud a thugann toradh dearfach ar an ráiteas sin i.e. braitheann 55% den fhoireann go bhfuil an caighdeán feidhmíochta dá bpost ar an leibhéal ceart.
- Ainneoin go bhfuil feabhsú beag ar an scór ar Éilimh an Phoist, ar 54%, is léir fós go bhfuil dearcadh measctha idir státseirbhísigh maidir lena n-ualach oibre. Aontaíonn 53% den fhoireann leis an ráiteas 'Is cothrom an méid oibre a iarrtar orm a dhéanamh'.
- Cé go bhfuil feabhsú suntasach ar an scór 50% a bhí ann in 2017, ní bhraitheann ach 55% den fhoireann go bhfuil dóthain ama acu lena bpost a dhéanamh.
- Is léir éagsúlacht shuntasach idir na gráid. Is lú an dearfacht maidir le hÉilimh an Phoist i measc na ngrád is airde. Mar shampla, braitheann 66% de bhainisteoirí sinsearacha gur cosúil go bhfuil an iomarca oibre ann d'aon duine amháin. Téann an scór seo i laghad i measc na ngrád is ísle.
- Is lú an sásamh i measc na foirne mórthaithí maidir leis an méid oibre a iarrtar orthu, i gcomparáid le comhghleacaithe nach bhfuil an oiread taithí acu. Tá 71% den fhoireann ar lú ná bliain a dtaithí sásta leis an méid oibre a iarrtar orthu a dhéanamh. Titeann sé seo faoi 50% don fhoireann a bhfuil idir 10 agus 25 bliain taithí acu.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Ar 54%, ní toradh iontach é seo i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé Daoine Státseirbhís na RA in 2019, dúirt 63% den líon a rinne freagairt go raibh ualach inghlactha oibre acu.[14] Cuirtear é seo i gcomparáid freisin le 59% de na freagairtí sa Suirbhé Státseirbhíseach SAM a d'aontaigh go raibh a n-ualach oibre míréasúnta.[15]

**Léargas:**

Bíonn an iomarca éilimh sa phost mar chúis le traochadh i bhfostaithe. Rinneadh taighde i measc oibrithe cianda le linn na phaindéim COVID-19 agus fuarthas gur i ngeall ar éileamh méadaithe sa phost a tháinig an meath is mó ar an bhfolláine. Rinne an méadú seo ar éileamh creimeadh ar an teorainn idir an obair agus an saol agus bhí baint aige le barraíocht uaireanta oibre a dhéanamh.[16]




**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Oiriúnacht Scileanna don Phost

Déanann sé seo tomhas ar a fheabhas a cheapann státseirbhísigh atá a gcuid scileanna agus a gcuid inniúlachtaí ag teacht leis an bpost atá acu.


**Is croí-thiománaí é Oiriúnacht Scileanna don Phost maidir leis na torthaí a leanas:**

**2ú Croí-thiománaí – Rannpháirtíocht Fostaithe**

**4ú Croí-thiománaí – Folláine**

**4ú Croí-thiománaí – Déileáil leis an Athrú**


**5ú Croí-thiománaí – Tiomantas don Eagraíocht**




- Braitheann 62% den fhoireann go bhfuil siad i bpost atá oiriúnach dóibh, rud is méadú 2 phointe ó 2017. B'fhéidir gur macalla é seo ar thionchar dearfach na Scéime Soghluaisteachta Státseirbhíse agus gur glacadh le deiseanna ar fud Ranna/Oifigí don fhoireann a gcuid scileanna a bheachtú nó scileanna nua a fhorbairt.
- Cé go bhfuil méadú (64%) san fhoireann a cheapann go bhfuil ullmhúchán oiriúnach don phost atá acu faoi láthair, ní aontaíonn an cúigiú cuid, nach mór (19%).
- Is léir éagsúlacht shuntasach idir na gráid. Luaigh bainisteoirí sinsearacha go mbíonn a gcuid scileanna in úsáid ina bpost. Téann an toradh dearfach seo síos i measc grád níos ísle agus faoi 50% don EO agus CO (47% agus 41% faoi seach).
- Braitheann an fhoireann is óige nach mbíonn a scileanna iomlána in úsáid ina gcuid oibre. Bhí níos lú ná 44% den fhoireann dar aois 34 nó níos óige a d'aontaigh gurbh amhlaidh a bhí, agus tagann ardú go 54% air sin don fhoireann dar aois 55 nó níos sine
- Is dócha go bhfuil tréimhse neadaithe de dhíth go bhfeicfear tionchar iomlán Scéim Shoghluaisteachta na Státseirbhíse ar an téama seo

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Tá feabhsú ar an scór seo a léiríonn go bhfuil sé ag teacht le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, Luaigh 61% díobh siúd a d'fhreagair an Suirbhé faoi Dhearcadh na Státseirbhíse SAM go n-úsáidtear a gcuid scileanna sa láthair oibre.[17]





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Forbairt Ghairme agus Soghluaisteacht

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil dóthain deiseanna ann ar fhorbairt ghairme, ar fhoghlaim, ar shoghluaisteacht agus ar chéim in airde a fháil sa Státseirbhís.


Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Tá feabhsú 9 bpointe ar Fhorbairt Ghairme agus Soghluaisteacht ó bhí 2015 ann.
- Tá infheistíocht shuntasach déanta maidir le Scéim Shoghluaisteachta na Státseirbhíse a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus tá tuilleadh ama de dhíth le dearcadh níos dearfaí a chothú i measc na foirne.
- Cé go bhfuil feabhsú ar scóir faoi ardú céime a fháil, is dúshlánach fós iad, óir ní luann ach 36% den fhoireann go bhfuil próiseas soiléir cothrom ina Roinn/Oifig maidir le hardú céime.
- Tá níos lú ná leath na foirne ag leibhéal CO go PO a chreideann go bhfaighidh siad ardú céime ach a mbeidh siad ag feidhmiú go maith.
- Is lú an sásamh atá ar an bhfoireann ardtaithí leis an bpróiseas ardaithe céime i gcomparáid le comhghleacaithe ar lú a dtaithí.
- Tá níos lú ná 39% den fhoireann ar mó ná 10 mbliana a dtaithí a chreideann go mbeidh deis acu ar ardú céime ach a mbeidh siad ag feidhmiú go maith. Scór níos airde 64% atá ann don fhoireann ar lú ná bliain a dtaithí

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Cé go bhfuil feabhsú ar an scór seo, ní scór iontach fós é i gcomparáid leis an scéal idirnáisiúnta. I Suirbhé Daoine Státseirbhíse 2017 na RA, luaigh 51% díobh siúd a d'fhreagair go raibh deiseanna fíora acu a ngairm a fhorbairt,[18] i gcomparáid le 39% sa suirbhé seo.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Do Phá

Déanann sé seo tomhas ar an gcaoi a mbraitheann státseirbhísigh faoina bpá i gcoibhneas lena n-iarracht agus lena rannchuid ar an obair, agus daoine eile atá cosúil leo.


Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Tá Do Phá, ar 52%, tar éis feabhsú 10 bpointe ó bhí 2015 ann. Cé go bhfuil sé ar cheann de na téamaí is dúshlánaí go fóill sa suirbhé seo, is suntasach an feabhsú é sin.
- Is féidir go mbaineann an feabhsú sa réimse seo leis an athshlánúchán páirteach pá atá ar siúl ó bhí 2015 ann.
- Luaigh 63% den fhoireann go bhfuil siad sásta le téarmaí agus coinníollacha a bhfostaíochta. Is ionann seo agus méadú 21 pointe ó shuirbhé 2015. D'fhéadfaí go mbaineann an feabhsúchán suntasach seo i bpáirt leis an tslándáil phoist a bhí sa Státseirbhís le linn phaindéim COVID-19.
- Is léir go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann maidir le braistintí faoi phá agus faoi fheidhmíocht agus an cothromas leis an earnáil phríobháideach. Luaigh AOanna, EOanna agus COanna nach mbraitheann siad go bhfuil macalla oiriúnach idir a bhfeidhmíocht agus a bpá (36%, 39% agus 25% faoi seach).
- Braitheann na gráid chéanna nach réasúnta a bpá i gcomparáid le daoine eile a bhfuil a leithéid chéanna de phost acu san earnáil phríobháideach (AO 26%, EO 33% agus CO 25% faoi seach).

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Is an-mhaith an toradh é seo i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Luaigh 39% díobh siúd a d'fhreagair do Shuirbhé Daoine Státseirbhíse na RA in 2019 go raibh siad sásta lena bpacáiste iomlán sochar. Luaigh 63% díobh siúd a d'fhreagair don suirbhé seo go raibh siad sásta le téarmaí agus le coinníollacha a bhfostaíochta.[19]





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Caighdeáin Feidhmíochta

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh gur ard na Caighdeáin Feidhmíochta agus go ndéantar bainistiú éifeachtach ar an tearcfheidhmíocht.

Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.





- Tá feabhsú 9 bpointe ar Chaighdeáin Feidhmíochta ó 2015 ach fós féin tá sé ar cheann de na téamaí is dúshlánaí sa suirbhé. Níor luaigh ach 20% den fhoireann gur bhraith siad go bhfuiltear ag tabhairt faoin tearcfheidhmíocht ina n-eagras féin.
- Ní bhraitheann ach níos lú ná leath na foirne ar fad go mbíonn bainisteoirí sinsearacha 'cuntasach as torthaí a bhaint amach' (40%) agus 'go ndéanann a Roinn tomhas ar fheidhmíocht sa phost lena chinntiú go mbíonn an fhoireann ar fad ag gnóthú torthaí' (38%).
- Is léir go bhfuil éagsúlacht shuntasach idir na gráid sa téama seo. Aontaíonn 44% de bhainisteoirí sinsearacha go dtugtar go héifeachtach faoin tearcfheidhmíocht ina Roinn féin. Titeann an scór sin go níos lú ná 25% do gach ceann de na gráid ó CO go PO agus is iad na scóir AP is ísle ag 17%.
- Is lú an sásamh atá ar fhoireann ardtaithí faoin gcaoi a dtugtar faoin tearcfheidhmíocht i gcomparáid le comhghleacaithe ar lú a dtaithí. Creideann 39% den fhoireann ar giorra ná bliain a dtaithí go dtugtar go héifeachtach faoin tearcfheidhmíocht ina Roinn féin. Titeann an scór seo go níos lú ná 20% don fhoireann ar mó ná 5 mbliana a dtaithí.
- Is féidir le Ranna/Oifigí leanúint den fheidhmíocht aonair agus foirne a fheabhsú trí dhul i ngleic leis an tearcfheidhmíocht agus trí thacaíochtaí a leasú agus an ardfheidhmíocht a aithint.

### Tagarmharc Idirnáisiúnta:

Is measa go suntasach an toradh seo go fóill i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Bhí 40% díobh siúd a d'fhreagair Suirbhé Daoine Státseirbhíse na RA a d'aontaigh leis na ráitis 'pléitear go héifeachtach leis an tearcfheidhmíocht i m'fhoireann',[20] d'aontaigh 34% de fhreagróirí ar Shuirbhé ar Dhearcadh Státseirbhíseach SAM in 2019 'go dtugtar faoi na céimeanna chun déileáil le fostaí nach bhfuil ag feidhmiú agus nach bhfuil ábalta/sásta feabhsú'.[21] Níor aontaigh ach 20% de fhreagróirí ar an suirbhé seo 'go dtugtar go héifeachtach faoin drochfheidhmíocht ar fud a Roinne'.

### Léargas:

Ainneoin chomh fairsing atá córais bainistithe feidhmíochta ar fud na cruinne, maíonn fianaise taighde go gceapann idir fhostaithe agus bhainisteoirí go bhfuil ag teip ar na córais seo (Adler et al., 2015; Murphy et al., 2018; Pulakos et al., 2015).[22,23,24] Luaigh suirbhé in 2019 a rinne Coimisiún Státseirbhíse na hAstráile nár aontaigh 37% de fhreagróirí gur phléigh a ngníomhaireacht go héifeachtach leis an tearcfheidhmíocht.[25]
I Suirbhé Daoine Státseirbhíse na RA (2019), níor aontaigh 21% de fhreagróirí gur pléadh go héifeachtach leis an drochfheidhmíocht ina bhfoirne féin..[26]





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Tacaíocht Ghairme Bainisteoirí

Déanann sé seo tomhas ar an leibhéal tacaíochta agus forbartha a bhraitheann státseirbhísigh a bhíonn ar fáil óna mbainisteoir féin.


Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Tá feabhsú 8 bpointe tagtha ar Thacaíocht Ghairme Bainisteoirí (64%) ó bhí suirbhé 2015 ann.
- Braitheann 60% den fhoireann go gcuireann a mbainisteoir féin spéis ina bhforbairt ghairmiúil, rud is ardú ó 49% in 2015.
- Creideann 56% den fhoireann go dtugann a mbainisteoir tascanna dóibh a thugann an deis dóibh scileanna nua a fhorbairt, rud is ardú 14 phointe ó bhí 2015 ann.
- Is iondúil gur dearfach go ginearálta na scóir faoin téama seo thar gach grád seachas an fhoireann thionsclaíoch.
- Is lú an tacaíocht a bhraitheann an fhoireann is sine maidir le hoiliúint i gcomparáid lena gcomhghleacaithe níos óige. Aontaíonn 72% den fhoireann dar aois 24 nó níos lú go dtugann a mbainisteoir deis dóibh scileanna nua a fhorbairt. Titeann sé seo go 55% don fhoireann dar aois idir 44 agus 49.
- Is dearfaí na Fir maidir leis an téama seo i gcomparáid leis na Mná. Mar shampla, d'aontaigh 70% de na Fir go gcinntíonn a mbainisteoir go bhfaigheann siad moladh as an méid a ghnóthaigh siad, i gcomparáid le 65% de na Mná. D'aontaigh 67% de na Fir go dtugann a mbainisteoir aiseolas cabhrach dóibh i gcomparáid le 61% de na Mná.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Is measa go fóill an toradh ar Thacaíocht Ghairme Bainisteoirí i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé Daoine Státseirbhíse na RA in 2019, d'aontaigh 80% de na freagróirí 'go n-aithníonn a mbainisteoir é nuair a dhéanaim mo phost go maith'.[27] Cuirtear seo i comparáid le 66% de fhreagróirí sa suirbhé seo a d'aontaigh 'go gcinntíonn mo bhainisteoir féin go bhfaighim an chreidiúint as an méid a ghnóthaigh mé'.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Tacaíocht Shóisialta

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go mbíonn deiseanna acu dlúthchaidrimh a fhorbairt ar an obair.

**Croí-thiománaí é Tacaíocht Shóisialta ar an toradh seo:**


**3ú Croí-thiománaí – Tiomantas don Eagraíocht**




- Cé go bhfuil laghdú beag ar an scór seo ó 2017 (71%), léiríonn sé go mbraitheann móramh na státseirbhíseach go mbíonn deiseanna acu dlúthchaidrimh a fhorbairt ag an obair.
- Ainneoin gur toradh dearfach ar an iomlán é, luaigh 74% den fhoireann go mbíonn an deis acu bualadh le daoine eile ar an obair, rud is laghdú ó 79% i suirbhé 2017. Is dócha go raibh tionchar ag na bearta cianoibre a tháinig i ngeall ar phaindéim COVID-19 ar an téama seo.
- Mar chroí-thiománaí tábhachtach de chuid Tiomantas don Eagraíocht, ba chóir go ndéanfadh eagraíochtaí iarracht a chinntiú nach n-éiríonn an laghdú beag sa scór ina threochlaonadh fadtéarmach.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Rinneadh taighde idirnáisiúnta ar an gcianobair le linn phaindéim COVID-19 agus bhí fianaise ann gur bhraith oibrithe uaigneas a bheith méadaithe. Fuarthas gurbh é seo an dara tiománaí is tábhachtaí ar an bhfolláine titim i measc oibrithe (Éilimh an Phoist an ceann is tábhachtaí).[28]




**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.


# Ceannaireacht

Déanann sé seo tomhas ar conas a bhraitheann státseirbhísigh faoi cháilíocht agus faoi éifeacht na Ceannaireachta sa Státseirbhís. Déanann sé tomhas freisin ar thuairimí faoi chinnteoireacht, fís, luachanna agus cumarsáid.

**Is croí-thiománaí í an Cheannaireacht maidir leis na torthaí a leanas:**

**4ú Croí-thiománaí – Tiomantas don Eagraíocht**


**5ú Croí-thiománaí – Rannpháirtíocht Fostaithe**




- Tá Ceannaireacht ar 59%, rud is feabhsú 9 bpointe ó 2015.
- Braitheann 55% den fhoireann go bhfuil dea-bhainistiú ar a Roinn i gcoitinne (39% in 2015) agus dar le 53% den fhoireann go bhfuil gníomhaíochtaí na mbainisteoirí sinsearacha ag teacht le luachanna na Roinne (40% in 2015).
- Ní bhíonn an fhoireann atá níos faide sa phost chomh dearfach céanna faoin gceannaireacht, leis an dream ar lú a dtaithí. Tá muinín ag 71% den fhoireann ar lú ná bliain a dtaithí as na cinntí a dhéanann bainisteoirí sinsearacha a Roinne. Titeann sé sin go níos lú ná a leath (47%) den fhoireann a bhfuil 25-30 bliain taithí acu.
- Is fianaise é an feabhsú leanúnach ar scóir sa téama seo ar na céimeanna dearfacha atá glactha ag eagrais tar éis thorthaí na suirbhéanna in 2015 agus 2017. Macalla é freisin ar na tionscnaimh straitéiseacha atá neadaithe anois sa Státseirbhís ar nós Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus na caighdeáin chomónta rialachais a bheith leagtha, laistigh d'eagrais agus den Státseirbhís ina hiomláine.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Ní toradh iontach é seo i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. D'aontaigh 63% de na freagróirí ar Shuirbhé Daoine Státseirbhíse na RA 2019 go bhfuil bainisteoirí sinsearacha a n-eagrais sách sofheicthe,[29] i gcomparáid le 54% de na freagróirí ar an suirbhé seo.




**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Tacaíocht Eagraíochtúil

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a cheapann fostaithe go gcuireann a n-eagras luach lena gcuid oibre agus go dtugtar aire dá bhFolláine.


**Is croí-thiománaí é Tacaíocht Eagraíochtúil maidir leis na torthaí a leanas:**

**1ú Croí-thiománaí – Tiomantas don Eagraíocht**

**2ú Croí-thiománaí – Déileáil leis an Athrú**

**3ú Croí-thiománaí – Rannpháirtíocht Fostaithe**


**5ú Croí-thiománaí – Folláine**




- Tá méadú 10 bpointe ar Thacaíocht Eagraíochtúil ó 2015, go 54%.
- Cé go bhfuil feabhas san iomlán ar na ráitis aonair sa téama seo, ní mór tuilleadh airde a thabhairt orthu. Mar shampla, níor aontaigh ach 50% den fhoireann go bhfuil aird ag a Roinn ar a bhFolláine.
- Is léir éagsúlacht shuntasach a bheith idir na gráid éagsúla, agus braitheann bainisteoirí sinsearacha níos dearfaí go mór ná na gráid is ísle. Aontaíonn 86% de bhainisteoirí sinsearacha go bhfuil aird ag a Roinn ar a dtuairimí. I gcodarsnacht leis sin, is lú ná an tríú cuid de HEOanna, EOanna agus COanna a aontaíonn leis an ráiteas seo (31%, 30% agus 29% faoi seach)
- Tá éagsúlacht shuntasach ann chomh maith bunaithe ar fhad na seirbhíse. Aontaíonn 73% den fhoireann ar lú ná bliain a dtaithí go bhfuil aird ag a Roinn ar a bhFolláine. Titeann an scór seo go 41% don fhoireann a bhfuil taithí idir 10-15 bliain acu.
- Ní bhraitheann Mná chomh dearfach faoin Tacaíocht Eagraíochtúil agus a bhraitheann a gcomhghleacaithe Fear. Níor aontaigh ach 49% de Mhná go raibh aird ag a Roinn ar a bhFolláine i gcomparáid le 55% d'Fhir.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Níl an toradh seo díreach chomh maith fós i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé na Státseirbhíseach i SAM 2019, d'aontaigh 59% de na freagróirí leis an ráiteas 'Léiríonn ceannairí sinsearacha tacaíocht do chláir obair/beatha'.[30] Cuirtear seo i gcomparáid leis an 50% de fhreagróirí ar an suirbhé seo a d'aontaigh leis an ráiteas 'Tá aird ag an Roinn ar m'Fholláine'. Dá ainneoin seo, is ionann toradh 2020 agus ardú 12 phointe ón scór i suirbhé 2017.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Foghlaim agus Forbairt

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil deiseanna dóthanacha agus éifeachtacha acu don Fhoghlaim agus don Fhorbairt.


Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Tá feabhsú suntasach ar Fhoghlaim agus Forbairt, agus é suas 9 bpointe go 61% óna scór in 2015.
- Tá feabhsú suntasach freisin ar ráitis aonair faoin téama seo. Mar shampla, tá 61% den fhoireann a aontaíonn go bhfuil teacht acu ar na deiseanna cearta Foghlama agus Forbartha nuair is gá, i gcomparáid le 50% in 2015.
- Is dócha gur macalla iad na feabhsuithe seo ar bhunú agus scaipeadh OneLearning agus an inrochtaineacht agus leanúnachas méadaithe a tháinig leis maidir le deiseanna Foghlama agus Forbartha.
- Cé nach bhfuil aon éagsúlacht shuntasach gráid ná inscne faoin téama seo, ba dhearfaí an fhoireann óg ná a gcomhghleacaithe níos sinsearaí maidir le Foghlaim agus Forbairt. Tá 64% den fhoireann faoi 24 a aontaíonn gur tháinig feabhsú ar a bhfeidhmíocht i ngeall ar ghníomhaíochtaí Foghlama agus Forbartha a rinne siad le bliain. Titeann seo go 42% don fhoireann dar aois 55-59.
- Is féidir an toradh seo a fheabhsú ach a chinntiú go bpléann bainisteoirí líne deiseanna foghlama go rialta lena bhfoireann agus go spreagtar iad chun teacht ar na hacmhainní atá ar fáil.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Is maith an toradh é seo i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé Daoine Státseirbhíse na RA in 2019, d'aontaigh 64% de na freagróirí go raibh 'teacht acu ar na na deiseanna cearta Foghlama agus Forbartha' nuair ba ghá.[31] I gcomparáid leis sin, d’aontaigh 61% de fhreagróirí ar an suirbhé seo gur féidir leo teacht ar dheiseanna Foghlama agus Forbartha nuair is gá.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Timpeallacht Nuálaíochta

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go mbíonn an eagraíocht á spreagadh agus ag tacú leo bheith nuálach.


Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Tá méadú 10 bpointe ar Thimpeallacht Nuálaíochta, go 55%, ó bhí 2015 ann agus níl sé a thuilleadh ar cheann de na téamaí is dúshlánaí. Is dócha go bhfuil seo mar thoradh díreach ar na tionscnaimh atá neadaithe anois ó 2014 chun an Státseirbhís a dhéanamh níos nuálaí mar eagraíocht.
- Orthu seo tá Duaiseanna Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse, agus an obair atá déanta ag Gréasán Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí, a bhfuil rún aige cultúr na nuálaíochta a dhoimhniú ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Bunaíodh é i Meán Fómhair 2019, agus tá anois ann breis agus 850 de nuálaithe, ar státseirbhísigh iad 272 díobh.
- Tá feabhsú suntasach ar na ceisteanna aonair faoin téama seo. Mar shampla, braitheann 49% den fhoireann gur an-solúbtha a Roinn agus gur féidir gnás a athrú i ngeall ar dhálaí nua, rud is méadú 20 pointe ó 2015. Braitheann 49% go mbíonn a Roinn ag freagairt go tapa nuair is gá athrú, rud is méadú 18 bpointe ó 2015.
- Is dearfaí an dearcadh atá ag bainisteoirí sinsearacha faoi chultúr na nuálaíochta ina n-eagraíocht i gcomparáid le foireann ag leibhéil níos ísle.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Níl an toradh seo chomh maith go fóill leis an tagarmharc idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé Daoine Státseirbhíse 2019 sa RA, cheap 73% de na freagróirí go mbeadh tacaíocht acu smaoineamh nua a thriail, fiú murar chinnte go n-oibreodh sé.[32] I gcomparáid leis sin, níor aontaigh ach 44% sa suirbhé seo leis an ráiteas 'glactar go fonnmhar le smaointe nua anseo'.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Timpeallacht na Rannpháirtíochta

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go mbíonn siad rannpháirteach go hoscailte maidir le cinntí a dhéanamh ina n-eagraíocht.


Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Tá méadú 5 phointe ar Thimpeallacht Rannpháirtíochta ó bhí 2015 ann, ach tá sé fós ar an téama is dúshlánaí i dtorthaí shuirbhé 2020. Tugann sé seo le fios dúinn nach mbraitheann móramh na státseirbhíseach go mbíonn siad rannpháirteach go hiomlán maidir le cinntí a dhéanamh ina n-eagraíocht.
- Ceapann 58% den fhoireann nach n-éistear le duine ar bith maidir le cinntí a mbíonn tionchar acu ar a gcuid oibre.
- Ainneoin feabhsú 11 phointe ó 2015 ar an líon daoine a d'aontaigh gur fada leitheadach a roinneadh an fhaisnéis ina n-eagraíocht, is íseal go fóill an scór ar 40%. D'fhéadfadh sé go bhfuil sé seo faoi thionchar an aistrithe go dtí an chianobair a rinne líon mór státseirbhíseach le linn COVID-19.
- Bíonn dearcadh níos diúltaí ag an bhfoireann ag na gráid is ísle maidir le Timpeallacht Rannpháirtíochta. Is dóichí go n-aontóidh EOanna agus COanna (59% agus 56% faoi seach) go n-athraítear cúrsaí gan labhairt leis na daoine a bhíonn páirteach iontu, i gcomparáid le 16% de Stiúrthóirí, ASGanna agus os a gcionn.
- Is dóichí gur lú an sásamh a bheidh ar fhoireann a bhfuil ardtaithí acu, maidir le Timpeallacht Rannpháirtíochta, i gcomparáid le comhghleacaithe ar lú a dtaithí. Aontaíonn 26% den fhoireann ar lú ná bliain a dtaithí gur dóichí go mbeidh cliseadh cumarsáide ann.
- Ní mór iarrachtaí agus tionscnaimh nua chun a chinntiú go mbraitheann an fhoireann go bhfuiltear ar an eolas faoina bhfuil ar siúl ina n-eagraíocht, go mbíonn siad rannpháirteach sa chinnteoireacht agus go n-aithnítear agus go mbíonn luach lena n-ionchur, nuair is féidir agus nuair is oiriúnach.

### Tagarmharc Idirnáisiúnta:

Níl an toradh chomh maith céanna i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé Daoine Státseirbhíse 2019 na RA, bhí 60% a d'aontaigh leis an ráiteas 'Braithim rannpháirteach sna cinntí a bhaineann do mo chuid oibre'.[33] I gcomparáid leis sin, d'aontaigh 47% de na freagróirí ar an suirbhé seo nach mbíonn 'aon bhaint ag daoine i gcinntí a bhaineann dá gcuid oibre'.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Tionchar ar Shaoránaigh

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil tionchar ag a gcuid oibre ar an bpobal.

**Is croí-thiománaí é Tionchar ar Shaoránaigh i dtaca leis an toradh a leanas:**


**5ú Croí-thiománaí – Déileáil leis an Athrú**




- Tá ardú 3 phointe ar an scór seo go dtí 73%, rud a insíonn dúinn go mbraitheann an fhoireann i gcónaí go mbíonn tionchar dearfach ag a gcuid oibre ar shaoránaigh agus go ndéanann sé difear dearfach do shaol an phobail. D'aontaigh 77% den fhoireann go raibh siad ar an eolas go mór faoi leas a dhéanann a gcuid oibre don phobal, rud is ardú 9 bpointe ó 2015.
- Is féidir gur tháinig feabhsú ar an toradh don téama seo i ngeall, i bpáirt, ar an ról tábhachtach a bhí ag an Státseirbhís le linn phaindéim COVID-19.
- Is féidir gur tháinig tionchar dearfach ar an scór seo chomh maith i ngeall ar an aitheantas a thugtar do tionscadail mórthionchair sna Gradaim bhliantúla Barr Feabhais agus Nuálaíochta sa Státseirbhís.
- Níl aon éagsúlacht shuntasach le brath idir gráid agus inscne maidir le Tionchar ar Shaoránaigh.
- Is croí-thiománaí é Tionchar ar Shaoránaigh maidir le dearcadh na foirne i dtaca lena gcumas déileáil leis an athrú agus beidh tionchar dearfach ar an toradh tábhachtach seo i ngeall ar an bhfeabhsú leanúnach sa réimse seo.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Tá an toradh seo ag teacht le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé faoi Dhearcadh na Státseirbhíseach i SAM in 2019, bhí 77% de na freagróirí a d'aontaigh leis an ráiteas 'éiríonn le mo ghníomhaireacht a misean a bhaint amach'.[34] Bhí 77% de na freagróirí ar an suirbhé seo a d'aontaigh go raibh siad 'ar an eolas go mór faoi leas mo chuid oibre do shaoránaigh'.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Dearcadh an Phobail ar an Státseirbhís

Déanann sé seo tomhas ar an luach agus ar an dearcadh a bhraitheann státseirbhísigh atá ag an bpobal orthu.

Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Teagmháil Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.





- Tá feabhsú suntasch ar Dhearcadh an Phobail ar an Státseirbhís ó 2015 ach tá sé fós ar an dara téama is dúshlánaí sa suirbhé seo.
- Ainneoin méadú 11 phointe ó shuirbhé 2015, ní aontaíonn ach an tríú cuid (33%) den fhoireann gur luachmhar leis an bpobal obair na Státseirbhíse. Tá níos lú ná an tríú cuid a aontaíonn go bhfuil meas (27%) ag an bpobal ar an Státseirbhís nó gur mór leo (25%) í agus a cuid oibre.
- Tá claonadh i measc na foirne ardtaithí gurb iad is lú atá dearfach faoi dhearcadh an phobail. Tá 47% den fhoireann ar lú ná bliain a dtaithí a d'aontaigh gur luachmhar leis an bpobal obair na Státseirbhíse; titeann sé seo go níos lú ná 35% don fhoireann eile.
- Tá codarsnacht idir na torthaí seo agus torthaí Shuirbhé Custaiméirí na Státseirbhíse agus Shuirbhé Gnó-Chustaiméirí na Státseirbhíse, a léiríonn go leanúnach gur dearfach an meon ginearálta i leith na Státseirbhíse. Mar shampla:
  - In 2019, bhí 85% de chustaiméirí sásta leis an tseirbhís a fuair siad. Tá seo ardaithe ó 83% in 2018.
  - In 2018, bhí 78% de ghnólachtaí a bhí ag plé leis an Státseirbhís sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil.

**Léargas:**

Déanann fostóirí sa státseirbhís poist atá barrthábhachtach maidir le caomhnú agus cosaint a dhéanamh ar leas daoine aonair agus an phobail. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh srian le spreagadh na n-oibrithe seo i ngeall ar easpa teagmhála idir a gcuid oibre agus an difríocht a dhéanann sí do shaol daoine eile.[35] Chun na torthaí seo a fheabhsú, is féidir le bainisteoirí breithniú a dhéanamh faoi fheachtais chumarsáide a fhorbairt faoi shamplaí den dea-thionchar ar shaol saoránach chun an t-aitheantas dearfach agus buíochas a léiriú as an obair atá déanta agus faoin gcaoi a ndearna iarrachtaí na bhfostaithe difear don saol. Tá sé seo ábhartha go cinnte i dtaca le hobair na Státseirbhíse ag freagairt do dhúshlán COVID-19.

Ba chóir leanúint den fhoireann a chur ar an eolas faoi na torthaí dearfacha seo.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Comhbhá leis an Státseirbhís

Déanann sé seo tomhas ar an oiread a bhraitheann státseirbhísigh gur cuid den Státseirbhís iad seachas cuid den Eagraíocht nó den Oifig ina bhfuil siad fostaithe.


Téama é seo atá scoite amach nach croí-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Tá feabhsú 4 phointe ar Chomhbhá leis an Státseirbhís ó 2015, go 66%. Is toradh an-dearfach é seo agus léiríonn sé go bhfuil neadú á dhéanamh ar an obair atá curtha chun cinn mar chuid de Phlean Athnuachana na Státseirbhíse chun an Státseirbhís a aontú agus a chomhtháthú ina heagraíocht amháin.
- D'aontaigh bunús mór na foirne leis na ráitis faoi luachanna agus éiteas na Státseirbhíse. Mar shampla, bhraith 81% den fhoireann nach mór idir a luachanna féin agus luachanna na Státseirbhíse, rud is ardú 14 phointe ó 2015.
- Cé gur airde an toradh seo ag leibhéal na n-ardbhainisteoirí, tá comhbhá láidir leis an Státseirbhís ag an bhfoireann ar gach grád agus fad seirbhíse.
- Is féidir le heagrais leanúint den fheabhsú ar an toradh seo trí neartú a dhéanamh ar a gcumarsáid faoin ngnóthachtáil trí Phlean Athnuachana na Státseirbhíse a chur i bhfeidhm.
- Ní mór tuilleadh taighde a dhéanamh chun a thuiscint ar neartaigh an obair tríd an bpaindéim comhbhá na foirne leis an Státseirbhís nó nár neartaigh.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**

Is an-dearfach an toradh é seo i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé Daoine na Státseirbhíse RA in 2019, d'aontaigh 52% de na freagróirí go raibh ceangal láidir acu lena n-eagras.[36] D'aontaigh 62% de na freagróirí ar an suirbhé seo gur 'muid' seachas 'siad' a deir siad agus iad ag caint faoin Státseirbhís.





**Nóta:** I ngeall ar an neasú, ní hionann suim gach céatadán dearfach agus 100%.

# Feasacht faoi Athnuachan na Státseirbhíse

Déanann sé seo tomhas ar an oiread atá státseirbhísigh ar an eolas faoi Phlean Athnuachana na Státseirbhíse.

Téama é seo atá scoite amach nach croi-thiománaí é de chuid aon cheann de na ceithre thoradh: Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú.




- Ceisteanna nua iad seo sa téama seo agus níl scóir inchomparáide ann don téama seo ó shuirbhé in 2015 ná 2017.
- Le linn phaindéim COVID-19, cuireadh stad le cuid mhór gníomhaíochtaí agus tionscnamh maidir le hAthnuachan na Státseirbhíse, sa chaoi nach gcuirfí an fhoireann dá mbuille maidir le hobair phráinneach a bhain leis an bpaindéim.
- Maíonn na torthaí seo nach bhfuil feasacht láidir ag an bhfoireann faoi Phlean Athnuachana na Státseirbhíse. D'aontaigh 31% den fhoireann gur cuireadh ar an eolas go rialta iad faoin dul chun cinn ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse. Níor aontaigh ach níos lú ná an ceathrú cuid go raibh tionchar dearfach ag Plean Athnuachana na Státseirbhíse ar obair na Státseirbhíse (21%) nó a n-eagraíochta (23%).
- Is dearfaí bainisteoirí sinsearacha faoi Athnuachan na Státseirbhíse i gcomparáid leis an bhfoireann ag gráid eile. Cé go n-aontaíonn 56% de bhainisteoirí sinsearacha go raibh tionchar dearfach ag Plean Athnuachana na Státseirbhíse ar a n-eagras, titeann sé seo go níos lú ná 29% do na gráid eile.

**Tagarmharc Idirnáisiúnta:**


Níl an toradh seo chomh maith céanna i gcomparáid le tagarmharcanna idirnáisiúnta. Mar shampla, i Suirbhé Daoine Státseirbhíse na RA in 2019 d'aontaigh 58% de na freagróirí go raibh siad ar an eolas faoi fhís Státseirbhís na RA maidir le 'Brilliant Civil Service'.[37] D'aontaigh 31% de na freagróirí ar an suirbhé seo gur cuireadh ar an eolas go rialta iad faoin dul chun cinn ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse.

| | 2020 Aontaithe | 2020 Neodrach | 2020 Easaontaithe | 2015-20 % athrú pointe |
|---|---|---|---|---|
| Bhí tionchar dearfach ag Plean Athnuachana na Státseirbhíse ar mo chuid oibre sa Státseirbhís | 21% | 65% | 14% | n/bh |
| Bhí tionchar dearfach ag Plean Athnuachana na Státseirbhíse ar m'eagraíocht | 23% | 65% | 12% | n/bh |
| Cuireadh mé ar an eolas go rialta faoi dhul chun cinn Phlean Athnuachana na Státseirbhíse | 31% | 40% | 26% | n/bh |

# Feasacht faoi Athnuachan na Státseirbhíse

Bhí ceithre ráiteas laistigh den téama Feasacht faoi Athnuachan na Státseirbhíse agus bhí sé san áireamh i suirbhéanna CSEES 2015 agus 2017. Níor cuireadh na ráitis seo i suirbhé 2020, ach ina áit sin, tugadh isteach trí ráiteas nua a bhain le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, rud a chruthaigh téama nua darb ainm Feasacht faoi Athnuachan na Státseirbhíse.

Is féidir torthaí an téama nua seo do shuirbhé 2020 a fheiceáil ar leathanach 56. Tá torthaí sa bharra-chairt thíos, don téama Feasacht faoi Athnuachan na Státseirbhíse, a foilsíodh cheana i dtuarascáil 2017 agus is ar mhaithe le heolas atá siad curtha anseo




| ■ 2017 Aontaithe ■ 2015 Aontaithe | 2017 | 2015 | 2015-20 % athrú pointe |
|---|---|---|---|
| Cuireadh ar an eolas mé go bhfuil plean athnuachana ann don Státseirbhís | 74% | 72% | 2 |
| Bhí cumarsáid mhaith ann maidir le Plean Athnuachana na Státseirbhíse | 39% | 33% | 6 |
| Braithim dearfach go dtiocfaidh athrú chun feabhais ar an Státseirbhís mar thoradh ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse | 31% | 23% | 8 |
| Tá mé ar an eolas go mbeidh athrú ar an gcaoi a n-oibrímid i ngeall ar Phlean Athnuachana na Státseirbhíse | 51% | 49% | 2 |

# Tiomantas d'Athnuachan na Státseirbhíse

Bhí ceithre ráiteas sa téama Tiomantas d'Athnuachan na Státseirbhíse agus bhí sé san áireamh i suirbhéanna CSEES 2015 agus 2017. Níor áiríodh na ráitis seo i suirbhé 2020, ach ina áit sin, cuireadh trí ráiteas nua isteach a bhain le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, rud a chruthaigh téama nua dar teideal Feasacht faoi Athnuachan na Státseirbhíse. Is féidir torthaí an téama nua do shuirbhé 2020 a fheiceáil ar leathanach 56.

Foilsíodh cheana an toradh sa bharra-chairt thíos, don téama Tiomantas d'Athnuachan na Státseirbhíse, agus is mar eolas atá sé ar fáil anseo



| | 2017 Aontaithe | 2015 Aontaithe | 2015-20 % athrú pointe |
|---|---|---|---|
| Creidim go bhfuil luach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse | 40% | 36% | 4 |
| Straitéis mhaith don Roinn é Plean Athnuachana na Státseirbhíse | 37% | 32% | 5 |
| Aithním go bhfuil feidhm thábhachtach le Plean Athnuachana na Státseirbhíse | 48% | 44% | 4 |
| Is riachtanas é Plean Athnuachana na Státseirbhíse | 52% | 49% | 3 |

*Ní dhearnadh forbairt ar na ráitis i dtéama seo Tiomantas d'Athnuachan na Státseirbhíse ar aon dul le téamaí eile sa tuarascáil seo. Mar thoradh air sin, is lú an líon torthaí atá ar fáil don téama seo i gcomparáid le teámaí eile

# Croí-thíománaithe na Státseirbhíse agus Suíomh in 2020

## Conas an tábla seo a léamh

- Tá an suirbhé dírithe ar cheithre cinn de phríomhthorthaí – Rannpháirtíocht Fostaithe, Tiomantas don Eagraíocht, Folláine agus Déileáil leis an Athrú
- Léiríonn anailís staitistice go mbíonn tionchar ar an scór don toradh ag téamaí difriúla.
- Tá cuid den 23 téama agus is dearfach go mór an tionchar a bhíonn acu ar an scór don toradh. 'Tiománaithe' a thugtar orthu seo. Tá rangú déanta ar na 5 thiománaí is láidre ó 1 (is láidre) go dtí 5.
- Chun tionchar a imirt ar an scór don toradh amach anseo, is cóir díriú ar na tiománaithe is airde sa rangú. I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí go mbeadh na tiománaithe diúltach.
- Ní hionann i gcónaí na tiománaithe is airde atá rangaithe (is mó tionchar) agus iad siúd is airde scór sa suirbhé.

## Toradh 1: Rannpháirtíocht Fostaithe

| Scór Iomlán | Ionad | Téama | Scór | 15 vs 20 | 17 vs 20 |
|---|---|---|---|---|---|
| 75% | **Croí-thiománaí 1** | Fiúntas | 69% | - | - |
| | **Croí-thiománaí 2** | Oiriúnacht Scileanna / Úsáid Scileanna | 62% | - | - |
| | **Croí-thiománaí 3** | Tacaíocht a bhraitear ón Eagraíocht | 54% | - | - |
| | **Croí-thiománaí 4** | Cumas | 79% | +1 | +1 |
| | **Croí-thiománaí 5** | Ceannaireacht | 59% | -1 | -1 |

## Toradh 2: Tiomantas don Eagraíocht*

| Scór Iomlán | Ionad | Téama | Scór | 15 vs 20 | 17 vs 20 |
|---|---|---|---|---|---|
| 58% | **Croí-thiománaí 1** | Tacaíocht a bhraitear ón Eagraíocht | 54% | +1 | - |
| | **Croí-thiománaí 2** | Fiúntas | 69% | -1 | - |
| | **Croí-thiománaí 3** | Tacaíocht Shóisialta | 71% | - | +1 |
| | **Croí-thiománaí 4** | Ceannaireacht | 59% | +1 | -1 |
| | **Croí-thiománaí 5** | Oiriúnacht Scileanna / Úsáid Scileanna | 62% | Nua | - |

## Toradh 3: Folláine

| Scór Iomlán | Ionad | Téama | Scór | 15 vs 20 | 17 vs 20 |
|---|---|---|---|---|---|
| 76% | **Croí-thiománaí 1** | Cumas | 79% | - | - |
| | **Croí-thiománaí 2** | Fiúntas | 69% | - | - |
| | **Croí-thiománaí 3** | Éilimh an Phoist/Diansaothrú Oibre | 54% | - | - |
| | **Croí-thiománaí 4** | Oiriúnacht Scileanna / Úsáid Scileanna | 62% | - | - |
| | **Croí-thiománaí 5** | Tacaíocht a bhraitear ón Eagraíocht | 54% | Nua | - |

## Toradh 4: Déileáil leis an Athrú

| Scór Iomlán | Ionad | Téama | Scór | 15 vs 20 | 17 vs 20 |
|---|---|---|---|---|---|
| 72% | **Croí-thiománaí 1** | Cumas | 79% | +2 | - |
| | **Croí-thiománaí 2** | Tacaíocht a bhraitear ón Eagraíocht | 54% | Nua | - |
| | **Croí-thiománaí 3** | Fiúntas | 69% | -2 | - |
| | **Croí-thiománaí 4** | Oiriúnacht Scileanna / Úsáid Scileanna** | 62% | - | - |
| | **Croí-thiománaí 5** | Tionchar ar Shaoránaigh | 73% | Nua | - |

Is ionann Ionad Tiománaí agus an t-athrú ar ionad na dtiománaithe idir 2015 agus 2017

Ní féidir na torthaí i leith Tiomantas don Eagraíocht a chur i gcomparáid idir 2015 agus 2017. In 2015, níorbh fhéidir ach torthaí ó 3 cinn de na 6 cheist sa téama seo a chur san áireamh san anailís. In 2017, bhíothas ábalta gach ceist a chur san áireamh. Tharla gach ceist san áireamh i ngeall ar ardú ar an ráta freagartha ar fud na Státseirbhíse

**Is tiománaí diúltach é seo, agus is ionann scór ard sa téama sin agus táscaire ar scór níos ísle sa toradh. Mar shampla, is dócha go bhfuil baint idir scór ard ar Oiriúnacht Scileanna don Phost / Úsáid Scileanna agus scór íseal ar Dhéileáil leis an Athrú, agus a mhalairt.

# Cad a insíonn na torthaí seo dúinn?

## Na príomhthorthaí a thuiscint

Rud casta é anailís a dhéanamh ar shonraí. Tugann an chuid seo den cháipéis léargas éadrom ar bhunphrionsabail an tsuirbhé agus ar an nasc eatarthu. Tá na naisc seo tábhachtach óir cabhraíonn siad le cruth a chur ar na gníomhaíochtaí is riachtanach chun feabhas a chur ar Rannpháirtíocht Fostaithe sa Státseirbhís. Tá na torthaí sa chuid seo bunaithe ar ardanailís staitistice agus tugtar leo léargas chun tuiscint níos doimhne a fháil ar chiall na sonraí sa suirbhé don Státseirbhís.

Chun tuiscint iomlán a fháil ar 'eispéireas fostaithe' sa Státseirbhís, ba mhaith leis an BBSS go gcuirfí ar fáil sa suirbhé eolas faoi 4 phríomhthoradh:

- Oiread a bhraitheann státseirbhísigh fuinneamh agus nasc lena ngníomhaíochtaí oibre, atá siad ábalta deileáil le héilimh a bpoist agus a bhaineann siad sásamh as a gcuid oibre **(Rannpháirtíocht Fostaithe)**
- An dáimh mhothálach a bhraitheann státseirbhísigh leis an Roinn nó Oifig ina n-oibríonn siad **(Tiomantas don Eagraíocht)**.
- Oiread a bhraitheann státseirbhísigh go bhfuil siad in ann déileáil le gnáthstrus an tsaoil agus ionchur dearfach a bheith acu ina bpobal féin **(Folláine)**.
- Oiread a iarrann státseirbhísigh íoslaghdú a dhéanamh ar mhothú diúltach a thagann le himeachtaí a athraíonn cúrsaí **(Déileáil leis an Athrú)**

Roghnaíodh na torthaí seo chun macalla a dhéanamh ar shaincheisteanna móra straitéiseacha sa Státseirbhís tar éis tréimhse mórathruithe.

## Croí-thiománaithe a thuiscint

Níl sa scór do gach toradh ach cuid den scéal. Ní mór dúinn tuiscint a fháil freisin ar na dálaí a thiomáineann agus a shocraíonn gach toradh. Cabhraíonn tuiscint a fháil air sin lenár n-iarrachtaí a dhíriú ar na réimsí cuí.

Bíonn tionchar ag dálaí difriúla ar gach toradh – tá cuntas ar na 'tiománaithe' seo ar lch. 62, agus tá rangú ansin orthu de réir a láidre a théann siad i bhfeidhm ar an scór sa toradh. Níl ailíniú díreach i gcónaí idir an leibhéal tionchair agus an tiománaí is airde scór, i ngeall ar an anailís staitistice atá mar bhunús aige (féach nótaí lgh. 73-75).

# Rannpháirtíocht Fostaithe

Státseirbhís Iomlán 75%

| Roinn/Oifig | 2020 | Athrú 2015 ina phointí % |
|---|---|---|
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 76% | 4 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 77% | 10 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí** | 77% | 9 |
| An tSeirbhís Chúirteanna** | 75% | 3 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 77% | 6 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 74% | 4 |
| An Roinn Cosanta | 75% | 4 |
| An Roinn Oideachais/An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta** | 76% | 4 |
| An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 73% | 6 |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta** | 74% | 7 |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** | 74% | 2 |
| An Roinn Airgeadais | 74% | 5 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha** | 77% | 2 |
| An Roinn Sláinte | 70% | 4 |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | 75% | 2 |
| An Roinn Dlí agus Cirt** | 73% | 4 |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 73% | n/bh |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 74% | 3 |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail** | 74% | 2 |
| Roinn an Taoisigh | 78% | 5 |
| An Roinn Iompair** | 73% | 6 |
| Fóiréinseolaíocht na hÉireann | 79% | 15 |
| Saoránaigh an Gharda Síochána | 75% | 9 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 71% | 7 |
| Seirbhís Thithe an Oireachtais | 74% | 3 |
| Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann** | 75% | -2 |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 79% | 12 |
| Seirbhís Phríosúin na hÉireann | 66% | 10 |
| An Chúirt Oibreachais | 77% | -6 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 76% | 2 |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** | 87% | -1 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 73% | 5 |
| Oifigí Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 73% | 5 |
| Oifig um Sholáthar Rialtais | 76% | 5 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 75% | – |
| Oifig an Ard-Aighne | 76% | 2 |
| Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste | 77% | 1 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 73% | 6 |
| Office of the Director of Public Prosecutions | 77% | 2 |
| Oifig an Ombudsman | 72% | -2 |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 75% | 5 |
| Ombudsman do Leanaí | 79% | n/bh |
| Uachtarán na hÉireann | 83% | 9 |
| An tSeirbhís Phromhaidh | 77% | 3 |
| An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 70% | 2 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 81% | 4 |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 78% | -2 |
| An tSaotharlann Stáit | 73% | 3 |
| An Oifig Luachála | 71% | 17 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 77% | 4 |

**** Athrú ar ainm na Roinne ó CSEES 2020 i gcomparáid le CSEES 2017 nó CSEES 2015**

# Tiomantas don Eagraíocht

Státseirbhís Iomlán 58%

| Roinn/Oifig | 2020 | Athrú 2015 ina phointí % |
|---|---|---|
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 64% | 14 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 57% | 10 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí** | 60% | 12 |
| An tSeirbhís Chúirteanna** | 55% | 9 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 62% | 14 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 59% | 6 |
| An Roinn Cosanta | 61% | 12 |
| An Roinn Oideachais/An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta** | 59% | 9 |
| An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 52% | 9 |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta** | 59% | 13 |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** | 56% | 4 |
| An Roinn Airgeadais | 57% | 8 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha** | 62% | 9 |
| An Roinn Sláinte | 54% | 3 |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | 54% | – |
| An Roinn Dlí agus Cirt** | 54% | 9 |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 54% | 7 |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 55% | 3 |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail** | 62% | n/bh |
| Roinn an Taoisigh | 65% | 12 |
| An Roinn Iompair** | 55% | 7 |
| Fóiréinseolaíocht na hÉireann | 63% | 18 |
| Saoránaigh an Gharda Síochána | 55% | 13 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 53% | – |
| Seirbhís Thithe an Oireachtais | 61% | 9 |
| Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann** | 60% | -1 |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 59% | -1 |
| Seirbhís Phríosúin na hÉireann | 50% | 9 |
| An Chúirt Oibreachais | 63% | 3 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 51% | 1 |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** | 76% | 4 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 49% | 7 |
| Oifigí Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 54% | 8 |
| Oifig um Sholáthar Rialtais | 58% | 10 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 59% | 8 |
| Oifig an Ard-Aighne | 56% | 1 |
| Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste | 63% | 13 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 53% | 2 |
| Office of the Director of Public Prosecutions | 63% | 8 |
| Oifig an Ombudsman | 61% | 5 |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 60% | 11 |
| Ombudsman do Leanaí | 61% | n/bh |
| Uachtarán na hÉireann | 72% | 11 |
| An tSeirbhís Phromhaidh | 56% | 7 |
| An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 53% | 6 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 72% | 9 |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 62% | 3 |
| An tSaotharlann Stáit | 60% | 15 |
| An Oifig Luachála | 55% | 4 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 65% | 5 |

**** Athrú ar ainm na Roinne ó CSEES 2020 i gcomparáid le CSEES 2017 nó CSEES 2015**

# Folláine

Státseirbhís Iomlán 76%

| Roinn/Oifig | 2020 | Athrú 2015 ina phointí % |
|---|---|---|
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 79% | 1 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 77% | 3 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí** | 80% | 6 |
| An tSeirbhís Chúirteanna** | 75% | -1 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 78% | 2 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 74% | -2 |
| An Roinn Cosanta | 77% | 1 |
| An Roinn Oideachais/An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta** | 76% | – |
| An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 75% | 3 |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta** | 75% | – |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** | 75% | 1 |
| An Roinn Airgeadais | 76% | 2 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha** | 76% | – |
| An Roinn Sláinte | 70% | – |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | 76% | 2 |
| An Roinn Dlí agus Cirt** | 76% | 1 |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 75% | n/bh |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 77% | 2 |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail** | 75% | – |
| Roinn an Taoisigh | 76% | 1 |
| An Roinn Iompair** | 73% | 1 |
| Fóiréinseolaíocht na hÉireann | 74% | 6 |
| Saoránaigh an Gharda Síochána | 78% | 2 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 74% | -2 |
| Seirbhís Thithe an Oireachtais | 76% | 1 |
| Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann** | 79% | -1 |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 80% | 6 |
| Seirbhís Phríosúin na hÉireann | 74% | 5 |
| An Chúirt Oibreachais | 75% | -6 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 77% | -1 |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** | 84% | -1 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 74% | 6 |
| Oifigí Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 77% | 2 |
| Oifig um Sholáthar Rialtais | 75% | 2 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 75% | -2 |
| Oifig an Ard-Aighne | 77% | 1 |
| Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste | 75% | -1 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 77% | -6 |
| Office of the Director of Public Prosecutions | 77% | 1 |
| Oifig an Ombudsman | 75% | -1 |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 76% | 1 |
| Ombudsman do Leanaí | 72% | n/bh |
| Uachtarán na hÉireann | 81% | -2 |
| An tSeirbhís Phromhaidh | 77% | 2 |
| An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 74% | -1 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 81% | – |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 76% | -4 |
| An tSaotharlann Stáit | 76% | 1 |
| An Oifig Luachála | 76% | 16 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 79% | 4 |

**** Athrú ar ainm na Roinne ó CSEES 2020 i gcomparáid le CSEES 2017 nó CSEES 2015**

# Déileáil leis an Athrú


Státseirbhís Iomlán 72%

| Roinn/Oifig | 2020 | Athrú 2015 ina phointí % |
|---|---|---|
| An Phríomh-Oifig Staidrimh | 73% | 3 |
| Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit | 73% | 2 |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí** | 73% | 2 |
| An tSeirbhís Chúirteanna** | 72% | -1 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | 72% | 3 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 74% | 1 |
| An Roinn Cosanta | 71% | -1 |
| An Roinn Oideachais/An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta** | 73% | – |
| An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí | 71% | 3 |
| An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta** | 72% | 2 |
| An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide** | 71% | – |
| An Roinn Airgeadais | 71% | 3 |
| An Roinn Gnóthaí Eachtracha** | 72% | 1 |
| An Roinn Sláinte | 71% | 1 |
| An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta** | 70% | 1 |
| An Roinn Dlí agus Cirt** | 71% | 1 |
| An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán | 71% | n/bh |
| An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe | 73% | 2 |
| An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail** | 73% | 4 |
| Roinn an Taoisigh | 74% | – |
| An Roinn Iompair** | 70% | 1 |
| Fóiréinseolaíocht na hÉireann | 69% | 3 |
| Saoránaigh an Gharda Síochána | 73% | 1 |
| Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána | 73% | 3 |
| Seirbhís Thithe an Oireachtais | 73% | 2 |
| Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann** | 74% | -4 |
| Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas | 75% | 5 |
| Seirbhís Phríosúin na hÉireann | 68% | 5 |
| An Chúirt Oibreachais | 72% | -6 |
| An Bord um Chúnamh Dlíthiúil | 70% | -2 |
| An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** | 80% | -1 |
| An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta | 71% | 4 |
| Oifigí Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta | 73% | 2 |
| Oifig um Sholáthar Rialtais | 75% | 1 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 70% | 6 |
| Oifig an Ard-Aighne | 71% | 1 |
| Oifig an Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste | 69% | -2 |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 72% | 4 |
| Office of the Director of Public Prosecutions | 70% | -1 |
| Oifig an Ombudsman | 72% | 3 |
| Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 71% | 3 |
| Ombudsman do Leanaí | 71% | n/bh |
| Uachtarán na hÉireann | 76% | 2 |
| An tSeirbhís Phromhaidh | 69% | 3 |
| An tÚdarás Clárúcháin Maoine | 72% | -1 |
| An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí | 73% | 1 |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 75% | 1 |
| An tSaotharlann Stáit | 71% | – |
| An Oifig Luachála | 70% | 6 |
| An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre | 71% | 1 |


**** Athrú ar ainm na Roinne ó CSEES 2020 i gcomparáid le CSEES 2017 nó CSEES 2015**

# Suirbhé Rannpháirtíochta Fhostaithe na Státseirbhíse 2020


Staitisticí Ráta Freagartha




## Freagairtí de réir réigiúin




## Ráta Freagartha Iomlán




Fad (meánach) leis an Suirbhé a Chomhlánú

**18 nóiméad 11 sec**

Meánlíon Freagairtí in Aghaidh an Lae

**1,788**

# Léargas Achomair ar Inscne

Den 26,822 fostaí a bhí páirteach i suirbhé 2020, is mná iad 57.4%, is fir iad 36.9% agus bhí 5.6% a roghnaigh gan a rá. Bhí sé seo an-chosúil le 2017 tráth ar mhná iad 54.8%, arbh fhir iad 37.1% agus a raibh 7.9% a roghnaigh gan a rá.

Ba bheag a bhí idir na scóir ag Mná agus ag Fir thar an 23 téama in 2020: b'ionann (nó suas síos 1) 17 scór agus bhí difear 2 nó 3 sna téamaí eile (leathanach 72).

Is amhlaidh go fóill go mbíonn na mná beagán níos mó i dteagmháil ná mar a bhíonn na fir, agus scór níos airde acu ar gach ceist faoi Rannpháirtíocht Fostaithe. An difear is mó idir inscní ná sna ceisteanna 'Tá mé díograiseach faoi mo phost', 'Nuair a éirím ar maidin bíonn fonn orm dul ar obair' agus 'Tá mé bródúil as an obair a dhéanaim'. In 2020, d'aontaigh 82% de Mhná leis an ráiteas 'Tá mé díograiseach faoi mo phost' (80% in 2017) i gcomparáid le 79% d'Fhir (77% in 2017). Mar fhreagairt don ráiteas 'Bím lán fuinnimh agus brí ar obair' bhí 71% de Mhná a d'aontaigh in 2020 (66% in 2017) i gcomparáid le 68% d'Fhir (63% in 2017). Maíonn na torthaí seo gur mó an leibhéal athléimneachta atá sna Mná i gcomparáid leis na Fir.

Tá scór níos airde ag na Fir ná mar atá ag na Mná thar na téamaí Neamhspleáchas agus Timpeallacht Rannpháirtíochta, rud atá ag teacht le torthaí in 2017 agus in 2015. 63% go fóill an scór ar Neamhspleáchas i measc Fear in 2020 i gcomparáid le 60% do Mhná. Tá an bhearna 3 phointe seo ann seasta ó 2015 nuair ba é 61% an scór d'Fhir agus 58% an scór do Mhná. Is spéisiúil i gcónaí an bhearna seo i bhfianaise na difríochta inscne sna freagairtí don téama Timpeallacht Rannpháirtíochta, nuair is é 43% scór na bhfear agus 40% scór na mban, i gcomparáid le 40% agus 37% faoi seach in 2017. Na ceisteanna ar mhór an difear iontu idir na hinscní laistigh den Téama Timpeallacht Rannpháirtíochta ná "Ní éistear le daoine agus cinntí á ndéanamh maidir lena gcuid oibre'. D'aontaigh 50% de Mhná leis an ráiteas seo gona fhoclaíocht dhiúltach, i gcomparáid le 42% d'Fhir. Tá sé seo ag teacht a bheag nó a mhór leis an mbearna in 2017 nuair is 57% de Mhná a d'aontaigh i gcomparáid le 52% de na Fir.

Tá éagsúlacht mhór idir inscní le brath ar an bhfreagairt sa téama Dearcadh an Phobail ar an Státseirbhís, óir ba é 40% an scór ag Fir, agus 37% ag Mná: gan athrú ar bith ó 2017. Bhí níos mó Fear ná Ban a thug freagra dearfach ar an ráiteas 'Braithim gur luachmhar leis an bpobal obair na Státseirbhíse' (31% d'Fhir agus 26% de Mhná in 2020 i gcomparáid le 29% d'Fhir agus 23% de Mhná in 2017).

Is beag an difear idir Fir agus Mná maidir le ceisteanna pá agus deiseanna gairmbheatha, rud atá ag teacht le torthaí 2017 agus 2015.

I bhfianaise freagraí ó Fhir agus ó Mhná ar aon do ráitis ar fud an tsuirbhé (tuilleadh eolais lch. 72), tá an méid a leanas le brath:

- **Is dear**faí na Mná faoin téama Rannpháirtíocht Fostaithe
- Is dearfaí n**a Fir faoin téama Neamhspleáchas**

In 2017, ba dhearfaí na Fir faoin téama Tiomantas don Eagraíocht; in 2020 tá an bhearna seo imithe agus scór 58% ag an dá inscne.

